# Treoirleabhar i leith na scéime FBM

(is infheidhme ón 1 Eanáir 2025)

*Séanadh: Níl na Nótaí Míniúcháin seo ceangailteach ó thaobh dlí de agus níl iontu ach treoraíocht phraiticiúil neamhfhoirmiúil maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm ar bhonn thuairimí Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim sa Choimisiún.*

**AN COIMISIÚN EORPACH**

Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim
Stiúrthóireacht C — Cánachas Indíreach agus Riarachán Cánach
Aonad C.1 — Beartas Cánach Breisluacha

*Teagmháil:* *taxud-unit-c1@ec.europa.eu*

*An Coimisiún Eorpach*
*B-1049 An Bhruiséil*

*Meán Fómhair 2024*

Ullmhaíodh an doiciméad seo don Choimisiún Eorpach. Ní léirítear ann áfach ach tuairimí na n-údar agus ní bheidh an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith aon toradh a d'fhéadfadh a bheith ar athúsáid an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

© An tAontas Eorpach, 2024

Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear a n-athúsáid ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

PDF ISBN 978-92-68-20024-7 KP-02-24-854-GA-N DOI 10.2778/23562

# Clár


**Clár** ... **1**

**Eolas ginearálta maidir leis an treoirleabhar seo** ... **3**

**Cúlra** ... **4**

**1. Eolas ginearálta ar an scéim FBM** ... **7**

1.1. Cé a fhéadfaidh díolúine na scéime FBM a chur i bhfeidhm? ... 7

1.2. Céard é an Ballstát bunaíochta? ... 7

1.3. An féidir le duine inchánach atá bunaithe i mBallstát an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát eile ina bhfuil buanbhunaíocht ghnó aige nó ina bhfuil uimhir chláraithe CBL gan buanbhunaíocht ghnó aige? ... 8

1.4. An féidir le duine inchánach atá bunaithe i dtír nach bhfuil san Aontas agus a bhfuil buanbhunaíocht ghnó aige i mBallstát an scéim FBM a chur i bhfeidhm? ... 8

1.5. Cé na hidirbhearta is féidir a chumhdach leis an scéim FBM? ... 9

1.6. Conas a ríomhtar an láimhdeachas bliantúil? ... 9

1.7. Conas a ríomhtar an láimhdeachas bliantúil san Aontas? ... 10

1.8. Duine inchánach atá cláraithe le haghaidh scéim ionaid ilfhreastail (OSS) an Aontais, an féidir leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm freisin? ... 13

1.9. Duine inchánach atá cláraithe le haghaidh scéim ionaid ilfhreastail easpórtála (IOSS) an Aontais, an féidir leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm? ... 14

**2. Scéim FBM intíre** ... **15**

2.1. Rochtain ar an scéim FBM intíre ... 15

2.1.1. Céard iad na coinníollacha chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm? ... 15

2.1.2. Conas a chláraítear le haghaidh na scéime FBM intíre? ... 17

2.2. Oibleagáidí foirmiúla ... 17

2.3. Éirí as an scéim FBM intíre ... 18

2.3.1. Scor ... 18

2.3.2. Eisiamh ... 19

**3. Scéim FBM trasteorann** ... **25**

3.1. Rochtain ar an scéim FBM trasteorann ... 25

3.1.1. Cé atá incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm? ... 25

3.1.2. Céard iad na coinníollacha breise chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm? ... 25

3.2. Clárú ... 31

3.2.1. Conas a chláraítear le haghaidh na scéime FBM trasteorann? ... 31

3.2.2. Cén t-eolas ba cheart a chur sa réamhfhógra? ... 31

3.2.3. Cén t-airgeadra ina n-ainmneofar na luachanna sa réamhfhógra? .................................. 34
3.2.4. Cá fhad a mhairfidh an próiseas clárúcháin? ................................................................... 34
3.2.5. Cathain a bheidh éifeacht ag an díolúine (dáta tosaithe)? ............................................... 36
3.2.6. An féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh ar dhiúltú? ................................. 37
3.2.7. An féidir le duine inchánach iarratas a dhéanamh chun tairbhe a bhaint as an scéim FBM trasteorann i mBallstát nó i mBallstáit seachas iad sin a shonraítear sa réamhfhógra? .... 37
3.2.8. Céard a tharlóidh má bhíonn eolas mícheart nó neamhiomlán sa réamhfhógra? ............ 39
3.2.9. Céard is gá a dhéanamh agus an Ballstát bunaíochta á athrú?......................................... 39
3.2.10. An féidir leasuithe eile a dhéanamh ar an réamhfhógra?................................................ 40
3.3. Oibleagáidí foirmiúla .............................................................................................................. 40
3.3.1. Cé na hoibleagáidí tuairiscithe a bheidh ar an duine inchánach faoin scéim FBM trasteorann? .......................................................................................................................... 40
3.3.2. Cé na luachanna atá le cur san áireamh sa chéad tuairisc ráithiúil?................................. 41
3.3.3. Céard a tharlóidh má bhíonn eolas mícheart sa tuairisc ráithiúil? (ceartú tuairiscí ráithiúla) .......................................................................................................................... 43
3.3.4. Céard a tharlóidh mura gcuirtear isteach tuairiscí ráithiúla nó má chuirtear isteach déanach iad? ...................................................................................................................... 43
3.3.5. An gá don duine inchánach sonraisc a eisiúint?.............................................................. 43
3.3.6. An gá don duine inchánach a bheith cláraithe agus tuairisceáin CBL a chur isteach?........ 44
3.4. Éirí as an scéim FBM trasteorann.......................................................................................... 44
3.4.1. Scor ................................................................................................................................... 45
3.4.2. Eisiamh .............................................................................................................................. 46

**4. Asbhaint CBL ar ionchur..........................................................................................54**

4.1. Scéim FBM intíre ..................................................................................................................... 54
4.2. Scéim FBM trasteorann........................................................................................................... 56

# Eolas ginearálta maidir leis an treoirleabhar seo

Is é is aidhm don treoirleabhar seo tuiscint níos fearr a thabhairt ar reachtaíocht an Aontais[1] a bhaineann leis na rialacha nua maidir leis an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga is infheidhme ón 1 Eanáir 2025 chomh maith le cur i bhfeidhm praiticiúil na rialacha sin a shoiléiriú.

Tá an treoirleabhar seo dírithe go príomha ar fhiontair bheaga ar spéis leo cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh fiontair bheaga, agus leis an treoirleabhar cuirfidh siad eolas ar na príomhghnéithe d’fheidhmiú na scéime speisialta.

Níl an treoirleabhar seo ceangailteach ó thaobh dlí agus níl ann ach treoraíocht phraiticiúil neamhfhoirmiúil maidir leis an gcaoi a gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm ar bhonn thuairimí Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim.

Obair idir lámha atá sa treoirleabhar: ní treoirleabhar uileghabhálach ná táirge deiridh atá ann, ach léirítear ann staid na himeartha ag pointe ama áirithe de réir an eolais agus na taithí a bhí ar fáil an tráth sin. Tá coinne leis go mbeidh gá le gnéithe eile le himeacht ama.

1 **Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle** an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d’fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d’fhiontair bheaga.

**Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2007 ón gCoimisiún** an 16 Samhain 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga

# Cúlra

Is é is aidhm don scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga (ar a dtugtar 'scéim FBM' anseo feasta) na costais chomhlíontachta a bhíonn ar fhiontair bheaga a laghdú, ar costais iad ar mó iad go comhréireach ná na costais sin a bhíonn ar ghnólachtaí móra i ngeall ar na hacmhainní níos teoranta atá acu chun déileáil le castacht agus ilroinnt an chórais CBL san Aontas.

Roimh an leasú ar an Treoir maidir le CBL i ndáil leis an scéim FBM (a mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025 amach), níorbh fhéidir le fiontair bheaga tairbhe a bhaint as díolúine faoin scéim FBM ach amháin i gcás ina raibh siad bunaithe sa Bhallstát ina raibh CBL dlite. Mar thoradh air sin, fiontair bheaga a dhéanann idirbhearta i mBallstáit nach raibh siad bunaithe iontu, b'éigean dóibh clárú agus na hoibleagáidí CBL a chomhlíonadh (tuairisceáin thréimhsiúla CBL a chur isteach, sonraisc iomlána a eisiúint, cuntas a thabhairt in CBL srl.) i ngach Ballstát ina raibh CBL dlite. Bhí tionchar diúltach aige sin ar an iomaíochas sa mhargadh inmheánach le haghaidh gnólachtaí nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát ina raibh CBL dlite i gcomparáid le gnólachtaí a bhí bunaithe ann, rud a d'fhág gur ghá na rialacha lena rialaítear an scéim speisialta a leasú.

Dá bhrí sin, **ón 1 Eanáir 2025 amach**, leis an scéim FBM cuirfear ar a gcumas freisin do dhaoine inchánacha atá bunaithe i mBallstát soláthairtí earraí agus seirbhísí a dhéantar i mBallstát nach bhfuil siad bunaithe ann a **dhíolmhú ó CBL** agus tairbhe a bhaint as oibleagáidí simplithe maidir le CBL ar choinníoll nach mó a láimhdeachas bliantúil sna Ballstáit sin ná an tairseach náisiúnta agus nach mó a láimhdeachas bliantúil san Aontas ná EUR 100 000. Dá bhrí sin, **idir dhaoine inchánacha atá bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil CBL dlite agus iad siúd atá bunaithe i mBallstát eile, beidh siad incháilithe don scéim FBM sa Bhallstát ina bhfuil CBL dlite**. Ní cheadaítear do dhaoine inchánacha CBL ar ionchur a asbhaint ar earraí agus seirbhísí a cheannaíonn siad agus a n-úsáidtear iad le haghaidh idirbhearta a chumhdaítear leis an scéim FBM.

Is féidir idirdhealú a dhéanamh, dá bhrí sin, idir dhá leibhéal cur i bhfeidhm:

a) Ar leibhéal intíre: cur i bhfeidhm na scéime speisialta ag fiontair bheaga ina mBallstát bunaíochta agus sa Bhallstát sin amháin.

b) Trasteorann: cur i bhfeidhm na scéime speisialta ag fiontair bheaga in aon Bhallstát amháin nó níos mó seachas a mBallstát bunaíochta cibé acu a chuirtear an scéim FBM i bhfeidhm ag an leibhéal intíre nó nach gcuirtear.

Daoine inchánacha ar mian leo leas a bhaint as an díolúine i mBallstát nach bhfuil siad bunaithe ann, beidh orthu réamhfhógra a thabhairt dá mBallstát bunaíochta. Chun rochtain a fháil ar an díolúine, ní mór do na daoine inchánacha sin a **shainaithint ar dtús le huimhir aonair lena mbaineann an iarmhír 'EX' ina mBallstát bunaíochta amháin**.

Daoine inchánacha a bhaineann tairbhe as an díolúine i mBallstát nach bhfuil siad bunaithe ann, ní mór dóibh a láimhdeachas sna 27 mBallstát uile a **thuairisciú le haghaidh gach ráithe** don Bhallstát bunaíochta. Dá bhrí sin, is féidir daoine inchánacha comhlíontacha a scaoileadh ó chlárú le haghaidh CBL agus ón oibleagáid tuairisceáin CBL a chur isteach sna Ballstáit sin nach an Ballstát bunaíochta iad ina gcuirtear an díolúine i bhfeidhm. Mura gcomhlíonann daoine inchánacha a n-oibleagáidí tuairiscithe ráithiúla, d'fhéadfadh an Ballstát ina gcuirtear an díolúine i bhfeidhm a cheangal orthu na gnáthoibleagáidí maidir le clárú le haghaidh CBL agus tuairisciú, a leagtar síos i reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit sin maidir le CBL, a chomhlíonadh.

Tá an **scéim FBM roghnach** agus is féidir í a chur i bhfeidhm in aon Bhallstát amháin nó níos mó. Is féidir na cásanna seo a leanas a shainaithint:

a) Cur i bhfeidhm na scéime FBM sa Bhallstát bunaíochta amháin (scéim FBM intíre).

b) Cur i bhfeidhm na scéime FBM in aon Bhallstát amháin nó níos mó seachas an Ballstát bunaíochta, agus sa Bhallstát nó sna Ballstáit sin amháin (scéim FBM trasteorann).

c) Cur i bhfeidhm na scéime FBM sa Bhallstát bunaíochta agus ina rogha Ballstát nó Ballstáit eile ina bhfuil CBL dlite (scéim FBM trasteorann).

Le gur féidir le daoine inchánacha na rialacha nua maidir leis an scéim FBM a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025 amach a thuiscint go soiléir, thiomsaigh an Coimisiún na pointí is tábhachtaí i bhfoirm Treoirleabhar leis an Scéim FBM. Cumhdaítear na gnéithe seo a leanas sa treoirleabhar seo:

- An próiseas clárúcháin.
- Oibleagáidí foirmiúla.
- Scor agus eisiamh.
- Asbhaint CBL ar ionchur.

Chun críocha an treoirleabhair seo, tá sé tábhachtach roinnt **coincheap** a shoiléiriú:

**1) Scéim FBM** – ciallaíonn sé sin an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga mar a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 1 den Treoir maidir le CBL[2].

**2) Scéim FBM intíre** – ciallaíonn sé sin an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil an duine inchánach bunaithe agus sa Bhallstát sin amháin.

**3) Scéim FBM trasteorann** – ciallaíonn sé sin an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga is infheidhme i mBallstáit seachas Ballstát bunaíochta an duine inchánach, agus ann sin amháin, nó sa Bhallstát bunaíochta agus i mBallstáit eile araon.

---

[2] San fhoclaíocht ón 1 Eanáir 2025.

**4) Fiontar beag díolmhaithe** – i gcomhthéacs na scéime FBM, is é is fiontar beag díolmhaithe ann aon duine inchánach a bhaineann tairbhe as an díolúine ó CBL faoin scéim FBM sa Bhallstát ina bhfuil CBL dlite.

**5) Ballstát** – tír den Aontas Eorpach arb infheidhme an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh maidir léi.

**6) Ballstát bunaíochta (MSEST)** – an Ballstát ina bhfuil an duine inchánach bunaithe, is é sin áit a bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch lonnaithe.

**7) Ballstát díolúine (MSEXE)** – Ballstát seachas an Ballstát bunaíochta ina bhfuil duine inchánach incháilithe do dhíolúine faoin scéim FBM ar a sholáthairtí earraí agus seirbhísí.

**8) Tairseach bhliantúil náisiúnta** – tagraíonn sé sin don tairseach láimhdeachais bhliantúil a shocraíonn Ballstát ar faoina bun a d'fhéadfadh duine inchánach a bheith incháilithe leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm sa Bhallstát sin agus díolúine ó CBL a fháil. Ní féidir le tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta a bheith níos mó ná EUR 85 000 (nó a choibhéis in airgeadra náisiúnta). Féach an sainmhíniú ar 'láimhdeachas bliantúil Ballstáit'.

**9) Tairseacha earnála** – i gcás ina gcuireann Ballstát níos mó ná aon tairseach bhliantúil náisiúnta amháin i bhfeidhm, meastar gur tairseacha earnála iad na tairseacha sin. Ní féidir le haon cheann de na tairseacha earnála sin a bheith níos mó ná EUR 85 000 (nó a choibhéis in airgeadra náisiúnta).

**10) Láimhdeachas bliantúil Ballstáit** – ciallaíonn sé sin luach bliantúil iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí, ar leith ó CBL, arna ndéanamh ag duine inchánach laistigh den Bhallstát sin le linn bliain féilire, cibé acu a ghearrtar cáin air nó atá díolmhaithe.

**11) Tairseach bhliantúil an Aontais** – tagraíonn sé do thairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais dár luach EUR 100 000.

**12) Láimhdeachas bliantúil san Aontas** – ciallaíonn sé sin luach bliantúil iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí, ar leith ó CBL, arna ndéanamh ag duine inchánach laistigh de chríoch an Chomhphobail le linn bliain féilire, cibé acu a ghearrtar cáin air nó atá díolmhaithe.

**13) Uimhir 'EX'** – an uimhir aitheantais aonair a shannann an Ballstát bunaíochta don duine inchánach ar mian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm. Tá an iarmhír 'EX' ag gabháil leis an uimhir aitheantais aonair.

**14) Laethanta oibre** – gach lá seachas laethanta saoire poiblí, Sathairn agus Domhnaí, de réir Airteagal 2(2) de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama.

# 1. Eolas ginearálta ar an scéim FBM

Sa roinn seo, dírítear ar ghnéithe ginearálta na díolúine den scéim FBM ar leibhéal intíre agus ar leibhéal trasteorann araon.

## 1.1. Cé a fhéadfaidh díolúine na scéime FBM a chur i bhfeidhm?

Ní fhéadfaidh ach daoine inchánacha a meastar mar fhiontair bheaga iad díolúine na scéime FBM a chur i bhfeidhm.

Chun críoch na **scéime FBM intíre**, meastar go bhfuil duine inchánach ina fhiontar beag i gcás ina gcomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas:

- Tá sé bunaithe i mBallstát.
- Ní mó a láimhdeachas bliantúil sa Bhallstát ina bhfuil an fiontar beag bunaithe ná an tairseach náisiúnta a leagann an Ballstát sin síos.

Chun críocha na **scéime FBM trasteorann**, meastar go bhfuil duine inchánach ina fhiontar beag má chomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas:

- Tá sé bunaithe i mBallstát.
- Ní mó ná EUR 100 000 a láimhdeachas bliantúil san Aontas (27 mBallstát).
- Ní mó a láimhdeachas bliantúil sa Bhallstát a cheadaíonn an díolúine ná an tairseach náisiúnta a leagann an Ballstát sin síos.

## 1.2. Céard é an Ballstát bunaíochta?

Chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm, agus chun na gcríoch sin amháin, is é an Ballstát bunaíochta an Ballstát ina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch an duine inchánach lonnaithe, is é sin an Ballstát ina ndéanann an duine inchánach feidhmeanna a riaracháin lárnaigh (cinnteoireacht fhíor-riachtanach a bhaineann leis an mbainistíocht ghinearálta). Más duine nádúrtha é an duine inchánach (gairmithe, saoroibrithe…), féadfaidh an Ballstát ina bhfuil a sheoladh buan ag an duine inchánach a bheith ina Bhallstát bunaíochta.

Ní mheastar gur Ballstát bunaíochta é Ballstát ina bhfuil buanbhunaíocht ghnó ag an duine inchánach nó ina n-aithnítear é chun críocha CBL gan buanbhunaíocht ghnó a bheith aige.

***SAMPLA:***

*Má tá gníomhaíocht eacnamaíoch duine inchánach lonnaithe i mBallstát 1 agus má tá buanbhunaíocht ghnó aige i mBallstát 2, ní féidir a mheas ach go bhfuil an duine inchánach bunaithe i mBallstát 1 faoin scéim FBM.*

## 1.3. An féidir le duine inchánach atá bunaithe i mBallstát an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát eile ina bhfuil buanbhunaíocht ghnó aige nó ina bhfuil uimhir chláraithe CBL gan buanbhunaíocht ghnó aige?

Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát, **is féidir** leis an scéim FBM (**scéim FBM trasteorann**) a chur i bhfeidhm i mBallstát eile ina bhfuil buanbhunaíocht ghnó aige nó ina bhfuil uimhir chláraithe CBL gan buanbhunaíocht ghnó aige más rud é, nuair a thugtar rochtain dó ar an scéim FBM trasteorann sa Bhallstát sin, go **ndíchláraíonn** sé chun críocha CBL sa Bhallstát sin.

Má tá an scéim FBM á cur i bhfeidhm ag an duine inchánach cheana féin i mBallstát ina bhfuil buanbhunaíocht ghnó aige agus más mian leis leanúint den scéim FBM a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025, ní mór don duine inchánach an próiseas clárúcháin a leanúint le haghaidh na scéime FBM trasteorann (roinn 3.2). Nuair a thugtar rochtain don duine inchánach ar an scéim FBM trasteorann sa Bhallstát sin, ní mór dó a bhuanbhunaíocht ghnó chun críocha CBL sa Bhallstát sin a dhíchlárú.

## 1.4. An féidir le duine inchánach atá bunaithe i dtír nach bhfuil san Aontas agus a bhfuil buanbhunaíocht ghnó aige i mBallstát an scéim FBM a chur i bhfeidhm?

Duine inchánach atá bunaithe i dtír nach bhfuil san Aontas agus a bhfuil buanbhunaíocht ghnó aige i mBallstát, **ní féidir** leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm mar ní mheastar go bhfuil sé bunaithe i mBallstát.

## 1.5. Cé na hidirbhearta is féidir a chumhdach leis an scéim FBM?

I gcás ina roghnaíonn duine inchánach an scéim FBM a chur i bhfeidhm i mBallstát ar leith, cuirfear an scéim FBM i bhfeidhm ar gach soláthar earraí agus seirbhísí a dhéanfaidh an duine inchánach sa Bhallstát sin, is é sin sa Bhallstát ina bhfuil CBL ar na soláthairtí sin dlite. Faoin scéim FBM, *ní gá don duine inchánach CBL a ghearradh ar a sholáthairtí agus níl sé i dteideal CBL ar ionchur a asbhaint i gcás a cheannachán a bhaineann leis na hidirbhearta faoin scéim FBM.*

Mar sin féin, **eisiatar idirbhearta** áirithe ón scéim FBM. Is iad seo a leanas na hidirbhearta sin:

a) Idirbhearta a dhéantar ar bhonn ócáideach.

b) Soláthairtí díolmhaithe modhanna nua iompair a dhéantar ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

c) Idirbhearta eile a eisiann an Ballstát ina dhlínse (féach an t-eolas atá ar fáil faoi gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).

Mar sin féin, más ceann de na hidirbhearta thuas é aon cheann de na hidirbhearta a dhéanann an duine inchánach, ní eisiafar an duine inchánach ó chur i bhfeidhm na scéime FBM i ndáil lena ghníomhaíochtaí eacnamaíocha uile. Ina áit sin, cuirfidh an duine inchánach an córas caighdeánach CBL i bhfeidhm maidir leis na hidirbhearta a eisiatar ón scéim FBM agus beidh sé ábalta an scéim FBM a chur i bhfeidhm maidir leis na gníomhaíochtaí eile má chomhlíonann sé na coinníollacha.

## 1.6. Conas a ríomhtar an láimhdeachas bliantúil?

Is é láimhdeachas bliantúil duine inchánach i mBallstát ar leith luach iomlán a sholáthairtí earraí agus seirbhísí, ar leith ó CBL, a dhéanann an duine inchánach sa Bhallstát sin le linn bliain féilire. I bhfocail eile, ní chuimsítear ach idirbhearta aschuir lena mbaineann áit soláthair sa Bhallstát sin. Ní cuid de ríomh an láimhdeachais bhliantúil iad ceannacháin.

Cuirfear san áireamh na méideanna seo a leanas, gan CBL san áireamh, chun an láimhdeachas bliantúil i mBallstát a ríomh:

- Luach na soláthairtí earraí agus seirbhísí, a mhéid a ghearrfaí cáin orthu dá mba rud é nach ndéanfaí faoin scéim FBM iad.

- Luach na n-idirbheart atá díolmhaithe sa Bhallstát lena mbaineann, ónar féidir an CBL arna íoc ag an gcéim roimhe sin a asbhaint (idirbhearta ar ráta nialasach).
- Luach na n-idirbheart díolmhaithe seo a leanas: idirbhearta easpórtála, idirbhearta a bhaineann le hiompar idirnáisiúnta, idirbhearta a ndéileáiltear leo mar easpórtálacha agus soláthairtí seirbhísí ag idirghabhálaithe atá páirteach in aon cheann de na hidirbhearta réamhluaite.
- Luach soláthairtí earraí díolmhaithe laistigh den Chomhphobal (soláthairtí earraí a sheoltar nó a iompraítear ó Bhallstát amháin go Ballstát eile).
- Luach idirbheart eastáit réadaigh, idirbheart airgeadais díolmhaithe, agus seirbhísí árachais agus athárachais, murab idirbhearta coimhdeacha na hidirbhearta sin.
- Aistriú earraí ar cuid de shócmhainní gnó an duine inchánach iad chuig Ballstát eile chun críocha a ghnó (aistriú earraí dílse). Sa chás sin, is é an méid atá le cur san áireamh i ríomh an láimhdeachais bhliantúil praghas ceannaigh an earra a aistrítear, nó in éagmais praghas ceannaigh, costphraghas na n-earraí sin. Cuirfear an méid sin san áireamh i ríomh láimhdeachas an duine inchánach sa Bhallstát óna n-imíonn na hearraí.

Mar sin féin, ní dhéanfar diúscairtí sócmhainní caipitil inláimhsithe nó doláimhsithe duine inchánach a chur san áireamh chun an láimhdeachas bliantúil a ríomh.

## 1.7. Conas a ríomhtar an láimhdeachas bliantúil san Aontas?

Más rud é go ndéanann an duine inchánach idirbhearta i níos mó ná aon Bhallstát amháin, beidh air a láimhdeachas bliantúil náisiúnta a ríomh de réir Ballstáit. Is é a bheidh ina **láimhdeachas bliantúil san Aontas** suim na láimhdeachas náisiúnta sin uile, cibé acu a ghearrtar cáin orthu nó atá díolmhaithe.

***SAMPLA:***

*Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, déanann sé idirbhearta i mBallstát 1 agus i mBallstát 2. Is iad seo a leanas na hidirbhearta a dhéantar in 2025:*

***Idirbhearta i mBallstát 1:***

- *Soláthairtí earraí do chustaiméirí i mBallstát 1: EUR 30 000*
- *Soláthairtí seirbhísí do chustaiméirí i mBallstát 1: EUR 20 000.*
- *Soláthairtí earraí d'fhiontair atá bunaithe i mBallstát 2 agus i mBallstát 3 (soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal): EUR 9 000.*
- *Soláthairtí earraí do thomhaltóirí deiridh atá bunaithe i mBallstát 2 (ciandíol earraí laistigh den Chomhphobal): EUR 6 000.*
- *Ceannacháin earraí ó sholáthróirí atá bunaithe i mBallstát 3 (earraí a fháil laistigh den Chomhphobal): EUR 3 000.*
- *Soláthairtí earraí do chustaiméirí atá bunaithe i dtír nach bhfuil san Aontas (easpórtálacha earraí): EUR 12 000.*
- *Díol foirgnimh thionsclaíoch a úsáidtear mar stóras (diúscairt na sócmhainní caipitil inláimhsithe): EUR 500 000.*
- *Aistriú earraí dílse ó Bhallstát 1 go Ballstát 2: EUR 1 000*

***Idirbhearta i mBallstát 2**:*

- *Soláthairtí earraí do chustaiméirí i mBallstát 2: EUR 17 000.*
- *Soláthairtí seirbhísí ó Bhallstát 1 d'fhiontair atá bunaithe i mBallstát 2: EUR 2 300*
- *Easpórtálacha earraí: EUR 2 000.*
- *Earraí a fháil laistigh den Chomhphobal: EUR 1 000.*

***Cás 1**: Cuireann an duine inchánach an córas caighdeánach CBL i bhfeidhm i mBallstát 1 agus i mBallstát 2. Maidir le ciandíol earraí laistigh den Chomhphobal, roghnaíonn an duine inchánach an riail maidir le cánachas ag an áit tionscnaimh a chur i bhfeidhm, mar sin is é Ballstát 1 áit soláthair na n-idirbheart sin, is é sin an áit a bhfuil na hearraí tráth a chuirtear tús le seoladh nó le hiompar na n-earraí chuig an gcustaiméir.*

*Faoin gcás sin, cuimsítear na luachanna seo a leanas le láimhdeachas bliantúil náisiúnta an duine inchánach i mBallstát 1 agus mBallstát 2 in 2025:*

| | **Ballstát 1 (EUR)** | **Ballstát 2 (EUR)** |
|---|---|---|
| 1. Soláthairtí earraí | 30 000 | 17 000 |
| 2. Soláthairtí seirbhísí | 20 000 | 2 300 |
| 3. Soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal* | 9 000 | |
| 4. Ciandíol earraí laistigh den Chomhphobal | 6 000 | |
| 5. Easpórtálacha earraí | 12 000 | 2 000 |
| 6. Aistriú earraí dílse** | 1 000 | |
| **LÁIMHDEACHAS BLIANTÚIL NÁISIÚNTA (1 + 2 +3 + 4 + 5 + 6)** | **78 000** | **21 300** |
| **LÁIMHDEACHAS BLIANTÚIL SAN AONTAS (78 000 + 21 300)** | **99 300** | |

** Tá na soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal díolmhaithe ó CBL i mBallstát 1 faoin gcóras caighdeánach CBL.*

*** Tá an t-aistriú earraí dílse díolmhaithe ó CBL i mBallstát 1 faoin gcóras caighdeánach CBL agus déileáiltear leis ar an gcaoi chéanna le soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal.*

*Ní chuirtear earraí a fhaightear laistigh den Chomhphobal san áireamh i ríomh an láimhdeachais mar is ceannacháin iad.*

*Ní chuirtear díol foirgnimh thionsclaíoch a úsáidtear mar stóras san áireamh i ríomh an láimhdeachais ach an oiread mar is diúscairt na sócmhainní caipitil inláimhsithe atá i gceist.*

***<u>Cás 2:</u>*** *Cuireann an duine inchánach an scéim FBM i bhfeidhm i mBallstát 1 agus cuireann sé an córas caighdeánach CBL i bhfeidhm i mBallstát 2. Maidir le ciandíol earraí laistigh den Chomhphobal, roghnaíonn an duine inchánach an riail maidir le cánachas ag an gceann scríbe a chur i bhfeidhm, mar sin is é Ballstát 2 áit soláthair na n-idirbheart sin, is é sin an áit a bhfuil na hearraí tráth a thagann deireadh le seoladh nó le hiompar na n-earraí chuig an gcustaiméir.*

*Faoin gcás sin, cuimsítear na luachanna seo a leanas le láimhdeachas bliantúil náisiúnta an duine inchánach i mBallstát 1 agus mBallstát 2 in 2025:*

| | Ballstát 1 (EUR) | Ballstát 2 (EUR) |
|---|---|---|
| 1. Soláthairtí earraí | 30 000 | 17 000 |
| 2. Soláthairtí seirbhísí | 20 000 | 2 300 |
| 3. Soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal* | 9 000 | |
| 4. Ciandíol earraí laistigh den Chomhphobal | | 6 000 |
| 5. Easpórtálacha earraí | 12 000 | 2 000 |
| 6. Aistriú earraí dílse** | 1 000 | |
| **LÁIMHDEACHAS BLIANTÚIL NÁISIÚNTA (1 + 2 +3 + 4 + 5 + 6)** | **72 000** | **27 300** |
| **LÁIMHDEACHAS BLIANTÚIL SAN AONTAS (78 000 + 27 300)** | **99 300** | |

** Tá na soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal díolmhaithe ó CBL i mBallstát 1 faoin scéim FBM agus déileáiltear leo ar an gcaoi chéanna le soláthairtí intíre earraí agus seirbhísí.*

*** Tá an t-aistriú earraí dílse díolmhaithe ó CBL i mBallstát 1 faoin scéim FBM agus déileáiltear leis ar an gcaoi chéanna le soláthairtí intíre earraí agus seirbhísí.*

## 1.8. Duine inchánach atá cláraithe le haghaidh scéim ionaid ilfhreastail (OSS) an Aontais, an féidir leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm freisin?

Is féidir, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an duine inchánach gach coinníoll chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is féidir le duine inchánach, más incháilithe, úsáid a bhaint as an scéim FBM i mBallstát amháin agus a bheith cláraithe san am céanna le haghaidh scéim OSS an Aontais chun a sholáthairtí a dhearbhú agus CBL atá dlite i mBallstáit eile a íoc.

## 1.9. Duine inchánach atá cláraithe le haghaidh scéim ionaid ilfhreastail easpórtála (IOSS) an Aontais, an féidir leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm?

Ní féidir, tá IOSS agus scéim FBM comheisiach. Duine inchánach a úsáideann IOSS, ní mór dó roghnú gan bheith páirteach i scéim IOSS chun an scéim FBM a chur i bhfeidhm agus *vice versa*.

# 2. Scéim FBM intíre

Is é atá sa scéim FBM intíre cur i bhfeidhm na scéime FBM ag duine inchánach ina Bhallstát bunaíochta **agus ann sin amháin**.

Más mian le duine inchánach an scéim FBM a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát nó i mBallstáit eile, ba cheart dó féachaint ar roinn 3 maidir leis an scéim FBM trasteorann.

## 2.1. Rochtain ar an scéim FBM intíre

### 2.1.1. Céard iad na coinníollacha chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm?

Is féidir le duine inchánach tairbhe a bhaint as an scéim FBM ina Bhallstát bunaíochta más rud é nach mó a láimhdeachas bliantúil sa Bhallstát sin ná an tairseach bhliantúil náisiúnta a shocraíonn an Ballstát sin sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin (nó sa 2 bhliain féilire roimhe sin más é sin a leagann an Ballstát bunaíochta síos).

Is é sin, luach iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí, gan CBL san áireamh, a dhéanann an duine inchánach ina Bhallstát bunaíochta, ní bheidh sé níos mó ná an tairseach a leagann an Ballstát sin síos.

Ní féidir leis an tairseach náisiúnta sin a bheith níos mó ná EUR 85 000 nó a choibhéis in airgeadra náisiúnta más rud é nach bhfuil an euro glactha ag an mBallstát.

Mar sin féin, is féidir leis an mBallstát bunaíochta tairseacha éagsúla a leagan síos le haghaidh earnálacha gnó éagsúla (tairseacha earnála). Mar sin féin, ní féidir le haon cheann de na tairseacha sin a bheith níos mó ná EUR 85 000 agus, anuas air sin, maidir leis an duine inchánach ar mian leis an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm, ní féidir leis ach úsáid a bhaint as aon cheann amháin de na tairseacha earnála sin le haghaidh a sholáthairtí uile sa Bhallstát sin. Sa chás sin, tabharfaidh an Ballstát treoraíocht shoiléir don duine inchánach maidir le cibé acu tairseach earnála is ceart a úsáid (féach an tairseach bhliantúil náisiúnta is infheidhme maidir le gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).

Is féidir le duine inchánach a sheiceáil cibé acu atá nó nach bhfuil sé incháilithe leis an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm ionsamhlóra atá le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna. Eolas táscach amháin a sholáthraítear leis an ionsamhlóir agus dá bhrí sin ní bhronntar leis ceart chun rochtain ar an scéim FBM a éileamh in aon cheann de na Ballstáit.

***SAMPLA:***

*An 1 Meitheamh 2025, is mian le duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1 an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm maidir lena sholáthairtí earraí agus seirbhísí sa Bhallstát sin. Is é EUR 85 000 an tairseach bhliantúil náisiúnta atá leagtha síos ag Ballstát 1.*

***<u>Cás 1:</u>*** *Le bheith in ann tairbhe a bhaint as an scéim FBM ar a chríoch, tá sé leagtha síos ag Ballstát 1 nach féidir an tairseach bhliantúil náisiúnta a shárú sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin.*

*Is mar a leanas atá láimhdeachais bhliantúla an duine inchánach i mBallstát 1:*

| Ballstát | Tairseach náisiúnta (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2024 (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2025 (ón 1 Eanáir go dtí an 1 Meitheamh) (EUR) | Incháilitheacht leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|
| Ballstát 1 | 85 000 | 50 000 | 20 000 | Incháilithe |

*Sa chás sin, toisc go bhfuil an duine inchánach bunaithe i mBallstát 1 agus nach mó a láimhdeachas bliantúil sa Bhallstát sin in 2024 (EUR 50 000) agus 2025 (EUR 20 000) araon ná an tairseach bhliantúil náisiúnta (EUR 85 000), comhlíonann an duine inchánach na coinníollacha chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta (Ballstát 1).*

***<u>Cás 2:</u>*** *Chun bheith in ann tairbhe a bhaint as an scéim FBM ar a chríoch, tá sé leagtha síos ag Ballstát 1 nach féidir an tairseach bhliantúil náisiúnta a shárú sa bhliain féilire reatha agus sa 2 bhliain féilire roimhe sin.*

*Is mar a leanas atá láimhdeachais bhliantúla an duine inchánach i mBallstát 1:*

| Ballstát | Tairseach náisiúnta (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2023 (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2024 (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2025 (ón 1 Eanáir go dtí an 1 Meitheamh) (EUR) | Incháilitheacht leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|---|
| Ballstát 1 | 85 000 | 86 000 | 50 000 | 20 000 | Gan bheith incháilithe |

*Sa chás sin, ní mó láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 1 in 2024 agus 2025 ná an tairseach náisiúnta (EUR 85 000) ach is airde a láimhdeachas bliantúil in 2023 (EUR 86 000) ná an tairseach. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an duine inchánach na coinníollacha chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta (Ballstát 1).*

### 2.1.2. Conas a chláraítear le haghaidh na scéime FBM intíre?

Más mian le duine inchánach an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta **amháin**, ní mór dó na rialacha agus na próisis atá leagtha síos ag an mBallstát sin a chomhlíonadh (féach an t-eolas faoi gach Ballstát atá le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).

## 2.2. Oibleagáidí foirmiúla

Duine inchánach a bhaineann tairbhe as an scéim FBM intíre ina Bhallstát bunaíochta agus as an scéim sin AMHÁIN (gan an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm), féadfar é a scaoileadh ó na hoibleagáidí CBL seo a leanas maidir lena sholáthairtí a chumhdaítear leis an scéim FBM intíre:

a) Tús a ghníomhaíochta a shonrú.

b) A bheith sainaitheanta le huimhir aonair.

c) Tuairisceán cánach a chur isteach.

d) Sonraisc a eisiúint.

e) Cuntais a choimeád.

f) Ráitis riaracháin a chur isteach.

Mar sin féin, ní mór don duine inchánach tús a ghníomhaíochta a shonrú agus a bheith cláraithe chun críocha CBL sna cásanna seo a leanas:

a) Faigheann an duine inchánach earraí faoi réir CBL laistigh den Chomhphobal.

b) Faigheann an duine inchánach seirbhísí a bhfuil sé faoi dhliteanas CBL a íoc ina leith.

c) Soláthraíonn an duine inchánach seirbhísí laistigh de chríoch Ballstáit eile a bhfuil CBL iníoctha ina leith ag an bhfaighteoir, agus aige sin amháin.

Má chinneann an Ballstát bunaíochta gan an duine inchánach a scaoileadh ó na hoibleagáidí maidir le tús a ghníomhaíochta a dhearbhú agus maidir le bheith sainaitheanta le huimhir aonair, leagfaidh sé síos próiseas clárúcháin le haghaidh CBL nach mbeidh níos faide ná 15 lá oibre. D’fhéadfadh an tréimhse sin a bheith níos faide dá mbeadh breis ama de dhíth ar an mBallstát chun na seiceálacha is gá a dhéanamh chun cosc a chur ar chásanna imghabhála nó seachanta cánach.

Má chinneann an Ballstát bunaíochta gan an duine inchánach a scaoileadh ón oibleagáid maidir le tuairisceán CBL a chur isteach, leagfaidh sé síos tuairisceán simplithe bliantúil CBL. Mar sin féin, is féidir leis an duine inchánach rogha a dhéanamh an tuairisceán CBL a chur isteach le linn na tréimhse cánach atá leagtha síos ag an mBallstát bunaíochta faoin gcóras caighdeánach CBL (ráithiúil, démhíosúil nó míosúil).

Má chinneann an Ballstát bunaíochta gan an duine inchánach a scaoileadh ón oibleagáid maidir le sonraisc a eisiúint, ceadóidh sé don duine inchánach sonraisc shimplithe a eisiúint.

Tá eolas breise faoi na rialacha is infheidhme i do Bhallstát bunaíochta le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.

## 2.3. Éirí as an scéim FBM intíre

Is féidir le duine inchánach éirí as an scéim FBM intíre go toilteanach (scor), nó is féidir lena Bhallstát bunaíochta é a eisiamh ón scéim i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha chun an scéim FBM intíre a úsáid a thuilleadh (eisiamh).

I gcás eisiaimh, cuirtear cosc ar an duine inchánach an scéim FBM intíre a úsáid ar feadh tréimhse áirithe. D'fhéadfadh sé go gcuirfí cosc ar an duine inchánach freisin ar scor den scéim.

### 2.3.1. Scor

#### 2.3.1.1. Conas scor den scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm?

Is féidir le fiontar beag díolmhaithe rogha a dhéanamh i gcónaí gan páirt a ghlacadh sa scéim FBM intíre. Sa chás sin, ba cheart dó na rialacha mionsonraithe agus na coinníollacha chun an rogha sin a dhéanamh mar atá leagtha síos ag a Bhallstát bunaíochta a chomhlíonadh (féach an t-eolas faoi gach Ballstát atá le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).

Nuair a éiríonn sé as an scéim FBM intíre, is féidir leis an duine inchánach rogha a dhéanamh an córas caighdeánach CBL nó na nósanna imeachta simplithe a chur i bhfeidhm, i gcás inar féidir, de réir na reachtaíochta náisiúnta (féach an t-eolas faoi gach Ballstát atá le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).

#### 2.3.1.2. Cathain is féidir an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm arís tar éis éirí aisti go toilteanach?

I gcás duine inchánach a éiríonn as an scéim FBM intíre go toilteanach, is féidir leis an mBallstát bunaíochta foráil a dhéanamh maidir le tréimhse choraintín nach féidir leis an duine inchánach an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm arís lena linn. Ag deireadh na tréimhse sin, is féidir leis

an duine inchánach rogha a dhéanamh an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm arís má chomhlíonann sé na coinníollacha uile (féach an t-eolas faoi gach Ballstát atá le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).

## 2.3.2. Eisiamh

### 2.3.2.1. Cathain a eisiatar duine inchánach ón scéim FBM intíre?

Duine inchánach a chuireann an scéim FBM intíre i bhfeidhm, eisiatar é ón scéim sin i gcás, le linn na bliana féilire reatha nó sa bhliain féilire roimhe sin, inar mó a láimhdeachas bliantúil ná an tairseach bhliantúil náisiúnta dá Bhallstát bunaíochta.

I gcás, le linn na bliana féilire reatha, ina sáraíonn an duine inchánach an tairseach náisiúnta atá leagtha síos ag an mBallstát bunaíochta, is féidir iarmhairtí éagsúla a thionscnamh ag brath ar na roghanna a fheidhmíonn an Ballstát bunaíochta[3]:

a) Mar réamhshocrú, más rud é le linn na bliana féilire reatha go sáraítear an tairseach náisiúnta le **10 %** nó níos lú, is féidir leis an duine inchánach tairbhe a bhaint as idirthréimhse agus beidh sé ar a chumas aige leanúint de thairbhe a bhaint as an scéim FBM intíre go dtí deireadh na bliana féilire sin. Mar sin féin, más rud é le linn na bliana féilire go sáraítear an tairseach náisiúnta le níos mó ná 10 %, ní mór don duine inchánach éirí as an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ón tráth sin.

b) Ansin, d'fhéadfadh an Ballstát bunaíochta cinneadh a dhéanamh an uasteorainn a ardú ó 10 % go **25 %** nó, de rogha air sin, **gan aon uasteorainn a leagan síos**. An t-aon teorainn atá leis na roghanna sin ná nach féidir a bheith mar thoradh orthu go ndíolmhófar duine inchánach a bhfuil láimhdeachas os cionn EUR 100 000 aige sa Bhallstát bunaíochta sa bhliain féilire reatha.

c) Ar deireadh, d'fhéadfadh an Ballstát bunaíochta a chinneadh freisin nach mbeidh feidhm leis an scéim FBM intíre a luaithe a shárófar an tairseach náisiúnta. I bhfocail eile, is féidir leis an mBallstát bunaíochta a chinneadh nach mbeidh feidhm le haon idirthréimhse i gcás ina sárófar an tairseach náisiúnta le linn na bliana féilire reatha.

---

[3] Féach an rogha a fheidhmíonn do Bhallstát bunaíochta ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.

***SAMPLA:***

*Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, tá sé ag baint tairbhe as an scéim FBM intíre sa Bhallstát sin. Is é EUR 85 000 an tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta i mBallstát 1.*

***Cás 1**: Cuireann Ballstát 1 **uasteorainn 10 %** den tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta i bhfeidhm (uasteorainn EUR 93 500) i gcás ina sáraítear an tairseach le linn na bliana féilire reatha. Is é EUR 84 700 láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 1 an 12 Iúil 2026. Déanann an duine inchánach soláthar nua dar luach EUR 400 i mBallstát 1 an 13 Iúil 2026. Is é EUR 93 100 láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 1 an 13 Samhain agus déanann sé soláthar eile dar luach EUR 450 i mBallstát 1 an 14 Samhain 2026.*

| | **Méideanna (EUR)** |
|---|---|
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 12/7/2026 | 84 700 |
| Soláthar an 13/7/2026 | 400 |
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 13/7/2026 | 85 100 |
| **Tairseach náisiúnta** | **85 000** |
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 13/11/2026 | 93 100 |
| Soláthar an 14/11/2026 | 450 |
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 14/11/2026 | 93 550 |
| **Uasteorainn 10 % den tairseach náisiúnta** | **93 500** |

*Faoi chás 1, sáraíonn an duine inchánach an tairseach náisiúnta atá leagtha síos ag Ballstát 1 an 13 Iúil 2026 ach is féidir leis leanúint den scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm go dtí an 14 Samhain 2026, nuair a sháraíonn an duine inchánach uasteorainn EUR 93 500. Dá bhrí sin, ní féidir leis an duine inchánach an soláthar dar luach EUR 450 a dhíolmhú ó CBL, agus ní mór dó CBL a ghearradh air.*

***Cás 2**: Ceadaíonn Ballstát 1 **sárú** ar an tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta **gan aon uasteorainn** i gcás ina sáraítear an tairseach le linn na bliana féilire reatha. Is é EUR 84 800 láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 1 an 20 Lúnasa 2026. Déanann an duine inchánach soláthar nua dar luach EUR 300 sa Bhallstát sin an 21 Lúnasa 2026. Is é EUR 99 000 láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 1 an 9 Samhain 2026. Déanann an duine inchánach soláthar eile dar luach EUR 2 000 i mBallstát 1 an 10 Samhain 2026.*

| | Méideanna (EUR) |
|---|---|
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 20/8/2026 | 84 800 |
| Soláthar an 21/8/2026 | 300 |
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 21/8/2026 | 85 100 |
| **Tairseach náisiúnta** | **85 000** |
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 9/11/2026 | 99 000 |
| Soláthar an 10/11/2026 | 2 000 |
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 10/11/2026 | 101 000 |

*Faoi chás 2, sáraíonn an duine inchánach an tairseach náisiúnta an 21 Lúnasa 2026 ach is féidir leis leanúint den scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, toisc gur mó láimhdeachas an duine inchánach an 10 Samhain 2026 (EUR 101 000) ná EUR 100 000, ní mór don duine inchánach éirí as an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm an lá céanna. Dá bhrí sin, ní féidir leis an duine inchánach an soláthar dar luach EUR 2 000 a dhíolmhú ó CBL, agus ní mór dó CBL a ghearradh air.*

***Cás 3:* Ní cheadaíonn Ballstát 1 aon sárú** *ar an tairseach bhliantúil náisiúnta. Is é EUR 84 300 láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 1 an 1 Deireadh Fómhair 2026. Déanann an duine inchánach dhá sholáthar nua dar luach EUR 500 agus EUR 300 i mBallstát 1 an 2 Deireadh Fómhair 2026.*


| | Méideanna (EUR) |
|---|---|
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 1/10/2026 | 84 300 |
| Soláthar an 2/10/2026 | 500 |
| Soláthar an 2/10/2026 | 300 |
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 2/10/2026 | 85 100 |
| **Tairseach náisiúnta** | **85 000** |

*Faoi chás 3, sáraíonn an duine inchánach an tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta an 2 Deireadh Fómhair 2026 leis an soláthar dar luach EUR 300 agus dá bhrí sin ní mór dó éirí as an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ón tráth sin. Dá bhrí sin, is féidir leis an duine inchánach an soláthar dar luach EUR 500 a dhíolmhú ó CBL faoin scéim FBM intíre, ach ní féidir leis an soláthar dar luach EUR 300 a dhíolmhú ó CBL, agus ní mór CBL a ghearradh air.*


### 2.3.2.2. Céard í an tréimhse choraintín?

I gcás ina n-eisiatar an duine inchánach ón scéim FBM intíre ina Bhallstát bunaíochta, ní bheidh sé ábalta an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm arís ar feadh tréimhse ama, is é sin an tréimhse choraintín.

Cuirtear tús leis an tréimhse choraintín tráth a sháraíonn an duine inchánach an tairseach bhliantúil náisiúnta nó an uasteorainn atá leagtha síos ag an mBallstát bunaíochta (de réir na rogha a roghnaigh an Ballstát sin) agus cumhdófar leis an chuid eile den bhliain féilire reatha agus an bhliain féilire dár gcionn.




Is féidir síneadh a chur leis an tréimhse choraintín chun an 2 bhliain féilire dár gcionn a chumhdach, faoi rogha an Bhallstáit bunaíochta (féach an t-eolas atá ar fáil faoi gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).




***SAMPLA:***

*Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, tá sé ag baint tairbhe as an scéim FBM intíre sa Bhallstát sin. Leag Ballstát 1 síos tairseach bhliantúil náisiúnta EUR 75 000 agus ceadaíonn sé sárú suas le 25 % (uasteorainn EUR 93 750).*

*Is é EUR 74 500 láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 1 an 1 Lúnasa 2026. Déanann an duine inchánach soláthar nua dar luach EUR 600 sa Bhallstát sin an 2 Lúnasa 2026. Is é EUR 93 000 láimhdeachas bliantúil an duine inchánach an 1 Samhain 2026. Déanann an duine inchánach soláthar dar luach EUR 1 000 i mBallstát 1 an 2 Samhain 2026.*

| | **Méideanna (EUR)** |
|---|---|
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/01/2026 go dtí an 01/08/2026 | 74 500 |
| Soláthar an 02/08/2026 | 600 |
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 2/8/2026 | 75 100 |
| **Tairseach náisiúnta** | **75 000** |
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 1/11/2026 | 93 000 |
| Soláthar an 02/11/2026 | 1 000 |
| Láimhdeachas bliantúil ón 1/1/2026 go dtí an 2/11/2026 | 94 000 |
| **Uasteorainn 25 % den tairseach náisiúnta** | **93 750** |

*I bhfianaise a bhfuil thuas, sáraíonn an duine inchánach an tairseach náisiúnta atá leagtha síos ag a Bhallstát bunaíochta (Ballstát 1) an 2 Lúnasa 2026 ach is féidir leis leanúint den scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm go dtí an 2 Samhain 2026, nuair a sháraíonn an duine inchánach uasteorainn EUR 93 750 leis an soláthar dar luach EUR 1 000. Ón bpointe sin ar aghaidh, ní mór don duine inchánach éirí as an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm agus ní féidir leis an soláthar EUR 1 000 agus soláthairtí ina dhiaidh sin a dhíolmhú ó CBL, agus ní mór dó CBL a ghearradh orthu.*

*Beidh an duine inchánach ábalta an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm arís an 1 Eanáir 2028, má chomhlíontar na coinníollacha uile.*

*Má roghnaíonn Ballstát 1 síneadh a chur leis an tréimhse choraintín go 2 bhliain féilire, ní bheidh an duine inchánach ábalta an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm arís go dtí an 1 Eanáir 2029, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile.*

#### 2.3.2.3. Céard iad iarmhairtí an eisiaimh?

I gcás ina n-eisiatar duine inchánach ón scéim FBM intíre ina Bhallstát bunaíochta, ní mór dó an córas caighdeánach CBL a chur i bhfeidhm. Is féidir leis na nósanna imeachta simplithe a chur i bhfeidhm freisin chun CBL a ghearradh agus a bhailiú, i gcás inar féidir, de réir na reachtaíochta náisiúnta (féach an t-eolas faoi gach Ballstát atá le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).

Nuair a bheidh deireadh leis an tréimhse choraintín, d’fhéadfadh an duine inchánach a bheith incháilithe arís don scéim FBM intíre dá gcomhlíonfadh sé na coinníollacha uile a bheidh leagtha síos ag an mBallstát bunaíochta. Ba cheart don duine inchánach teagmháil a dhéanamh le húdaráis chánach a Bhallstáit bunaíochta chun eolas a fháil ar an nós imeachta féideartha atá le comhlíonadh chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm arís.

# 3. Scéim FBM trasteorann

Is é atá i gceist leis an scéim FBM trasteorann cur i bhfeidhm na scéime FBM ag duine inchánach cibé acu in aon Bhallstát amháin nó níos mó seachas a Bhallstát bunaíochta, nó sa Bhallstát bunaíochta agus in aon Bhallstát amháin nó níos mó seachas an Ballstát bunaíochta.

## 3.1. Rochtain ar an scéim FBM trasteorann

Ón 1 Eanáir 2025 amach, is féidir le fiontair bheaga atá bunaithe i mBallstát rogha a dhéanamh an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm maidir leis na soláthairtí earraí agus seirbhísí dá gcuid[4] a dhéantar i mBallstát seachas a mBallstát bunaíochta. Ní mór coinníollacha áirithe a chomhlíonadh le bheith in ann é sin a dhéanamh.

### 3.1.1. Cé atá incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm?

Tá duine inchánach incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm más rud é nach mó a láimhdeachas bliantúil san Aontas ná **EUR 100 000** (tairseach bhliantúil an Aontais) sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin. Is é atá i láimhdeachas bliantúil duine inchánach san Aontas suim a láimhdeachas bliantúil i ngach ceann de na 27 mBallstát, cibé acu is mian leis an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i ngach Ballstát nó nach mian.

Más mó láimhdeachas bliantúil duine inchánach san Aontas ná EUR 100 000, ní féidir leis an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm in aon Bhallstát. Mar sin féin, is féidir leis an duine inchánach an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm, nó leanúint dá cur i bhfeidhm, ina Bhallstát bunaíochta más rud é nach mó a láimhdeachas bliantúil sa Bhallstát sin ná an tairseach bhliantúil náisiúnta.

### 3.1.2. Céard iad na coinníollacha breise chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm?

Ní mór do dhuine inchánach incháilithe na coinníollacha breise seo a leanas a chomhlíonadh chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm:

---

4 Seachas ar idirbhearta a eisiatar ón scéim FBM (féach ceist 1.5. '*Cé na hidirbhearta is féidir a chumhdach leis an scéim FBM?*').

a) Tá sé bunaithe i mBallstát[5].

b) Maidir lena láimhdeachas bliantúil sa Bhallstát nó sna Ballstáit inar mian leis an duine inchánach tairbhe a bhaint as an scéim FBM trasteorann, ní mó é ná an tairseach bhliantúil náisiúnta a leagann an Ballstát/na Ballstáit sin síos sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin (nó sa 2 bhliain féilire roimhe sin más é sin atá leagtha síos ag an mBallstát/na Ballstáit a cheadaíonn an díolúine).

c) Ní mór dó réamhfhógra a thabhairt ina Bhallstát bunaíochta (roinn 3.2) ina sonrófar na Ballstáit inar mian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm.

An tairseach bhliantúil náisiúnta a leagann na Ballstáit síos[6], ní féidir leis an tairseach sin a bheith níos mó ná EUR 85 000 nó a choibhéis in airgeadra náisiúnta más rud é nach bhfuil an euro glactha ag an mBallstát lena mbaineann.

Más rud é gur leag Ballstát síos tairseacha éagsúla le haghaidh earnálacha gnó éagsúla (tairseacha earnála[7]), ní féidir leis an duine inchánach ach úsáid a bhaint as aon cheann amháin de na tairseacha earnála sin le haghaidh a sholáthairtí uile sa Bhallstát sin. Sa chás sin, tabharfaidh an Ballstát treoraíocht shoiléir don duine inchánach maidir le cibé acu tairseach earnála is ceart a úsáid (féach an tairseach bhliantúil náisiúnta is infheidhme maidir le gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).

Is féidir le duine inchánach a sheiceáil cibé acu atá nó nach bhfuil sé incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm ionsamhlóra atá le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna. Eolas táscach amháin a sholáthraítear leis an ionsamhlóir agus dá bhrí sin ní bhronntar leis ceart chun rochtain ar an scéim FBM a éileamh in aon cheann de na Ballstáit.

***SAMPLA:***

*Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, déanann sé idirbhearta atá faoi réir CBL i mBallstát 1, Ballstát 2, Ballstát 3 agus Ballstát 4. An 1 Iúil 2026, is mian leis an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm maidir lena sholáthairtí earraí agus seirbhísí i mBallstát 2 agus i mBallstát 3.*

---

[5] Féach an roinn maidir le ceist 1.2. *'Céard é an Ballstát bunaíochta?'.*

[6] An tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta a leagann na Ballstáit síos, ní mór dó a bheith mar an gcéanna le haghaidh daoine inchánacha atá bunaithe sa Bhallstát sin (scéim FBM intíre) agus daoine inchánacha nach bhfuil bunaithe ann (scéim FBM trasteorann).

[7] Ní féidir le haon cheann de na tairseacha earnála a bheith níos mó ná EUR 85 000.

***Cás 1**: Ceanglaíonn Ballstát 2 agus Ballstát 3 nach sáraítear a dtairseach bhliantúil náisiúnta le linn na bliana féilire reatha agus le linn na bliana féilire roimhe sin chun tairbhe a bhaint as an díolúine ar a gcríoch.*

*Is é seo a leanas láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i ngach Ballstát an 1 Iúil 2026:*

| Ballstát | Tairseach náisiúnta (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2025 (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2026 (EUR) | Incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|
| Ballstát bunaíochta | 85 000 | 30 000 | 13 000 | N/B |
| Ballstát 2 | 35 000 | 35 000 | 15 000 | Incháilithe |
| Ballstát 3 | 40 000 | 20 000 | 9 000 | Incháilithe |
| Ballstát 4 | N/B | 10 000 | 5 500 | N/B |
| **LÁIMHDEACHAS BLIANTÚIL IOMLÁN SAN AONTAS** | | **95 000** | **42 500** | |

*Anailís ar chur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann:*

1. *Tá an duine inchánach bunaithe i mBallstát (Ballstát 1).* √

2. *In 2025 (an bhliain féilire roimhe sin), ní mó láimhdeachas bliantúil iomlán an duine inchánach san Aontas (EUR 95 000) ná tairseach bhliantúil an Aontais de EUR 100 000.* √

3. *In 2026 (an bhliain féilire reatha), ní mó láimhdeachas bliantúil iomlán an duine inchánach san Aontas (EUR 42 500) ná tairseach bhliantúil an Aontais.* √

4. *In 2025, ní mó láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 2 (EUR 35 000) agus i mBallstát 3 (EUR 20 000) ná an tairseach náisiúnta sna Ballstáit sin.* √

5. *In 2026, ní mó láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 2 (EUR 15 000) agus i mBallstát 3 (EUR 9 000) ná an tairseach náisiúnta sna Ballstáit sin.* √

6. *Mar chonclúid, d'fhéadfadh an duine inchánach tairbhe a bhaint as an scéim FBM trasteorann i mBallstát 2 agus i mBallstát 3 araon.*

***Cás 2:** Ceanglaíonn Ballstát 2 agus Ballstát 3 nach sáraítear a dtairseach bhliantúil náisiúnta le linn na bliana féilire reatha agus le linn na bliana féilire roimhe sin chun tairbhe a bhaint as an díolúine ar a gcríoch.*

*Is é seo a leanas láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i ngach Ballstát an 1 Iúil 2026:*

| Ballstát | Tairseach náisiúnta (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2025 (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2026 (EUR) | Incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|
| Ballstát bunaíochta | 85 000 | 30 000 | 13 000 | N/B |
| Ballstát 2 | 35 000 | 35 000 | 15 000 | Gan bheith incháilithe |
| Ballstát 3 | 40 000 | 20 000 | 9 000 | Gan bheith incháilithe |
| Ballstát 4 | N/B | 18 000 | 5 500 | N/B |
| **LÁIMHDEACHAS IOMLÁN SAN AONTAS** | | **103 000** | **42 500** | |

*Anailís ar chur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann:*

1. *Tá an duine inchánach bunaithe i mBallstát (Ballstát 1).* √

2. *In 2025 (an bhliain féilire roimhe sin), ní mó láimhdeachas bliantúil iomlán an duine inchánach san Aontas (EUR 103 000) ná tairseach bhliantúil an Aontais de EUR 100 000.* *X*

3. *Mar chonclúid, ní fhéadfadh an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 2 agus i mBallstát 3.*

4. *Fiú i gcás ina n-eisiatar an duine inchánach ón scéim FBM trasteorann, d'fhéadfadh sé an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta (Ballstát 1) i gcónaí mar ní mó a láimhdeachas bliantúil sa Bhallstát sin in 2025 agus 2026 ná an tairseach náisiúnta (EUR 85 000).*

***<u>Cás 3:</u>*** *Ceanglaíonn Ballstát 2 agus Ballstát 3 nach sáraítear a dtairseach bhliantúil náisiúnta le linn na bliana féilire reatha agus le linn na bliana féilire roimhe sin chun tairbhe a bhaint as an díolúine ar a gcríoch.*

*Is é seo a leanas láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i ngach Ballstát an 1 Iúil 2026:*

| Ballstát | Tairseach náisiúnta (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2025 (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2026 (EUR) | Incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|
| Ballstát bunaíochta | 85 000 | 30 000 | 13 000 | N/B |
| Ballstát 2 | 20 000 | 35 000 | 15 000 | Gan bheith incháilithe |
| Ballstát 3 | 40 000 | 20 000 | 9 000 | Incháilithe |
| Ballstát 4 | N/B | 10 000 | 5 500 | N/B |
| **LÁIMHDEACHAS IOMLÁN SAN AONTAS** | | **95 000** | **42 500** | |

*Anailís ar chur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann:*

1. *Tá an duine inchánach bunaithe i mBallstát (Ballstát 1).* √

2. *In 2025 (an bhliain féilire roimhe sin), ní mó láimhdeachas bliantúil iomlán an duine inchánach san Aontas (EUR 95 000) ná tairseach bhliantúil an Aontais, is é sin EUR 100 000.* √

3. *In 2026 (an bhliain féilire reatha), ní mó láimhdeachas bliantúil iomlán an duine inchánach san Aontas (EUR 42 500) ná tairseach bhliantúil an Aontais, is é sin EUR 100 000.* √

4. *In 2025, is mó láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 2 (EUR 35 000) ná an tairseach náisiúnta sa Bhallstát sin (EUR 20 000).* X

5. *Ní mó láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 3 in 2025 (EUR 20 000) agus in 2026 (EUR 9 000) ná an tairseach náisiúnta sa Bhallstát sin (EUR 40 000).* √

6. *Mar chonclúid, d'fhéadfadh an duine inchánach tairbhe a bhaint as an scéim FBM trasteorann i mBallstát 3 ach ní fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as an scéim i mBallstát 2.*

***<u>Cás 4:</u>*** *Le bheith in ann tairbhe a bhaint as an díolúine ar a chríoch, tá sé leagtha síos ag Ballstát 2 nach sárófar a thairseach bhliantúil náisiúnta sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin.*

*Le bheith in ann tairbhe a bhaint as an díolúine ar a chríoch, tá sé leagtha síos ag Ballstát 3 nach sárófar a thairseach bhliantúil náisiúnta sa bhliain féilire reatha agus sa 2 bhliain féilire roimhe sin.*

*Is é seo a leanas láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i ngach Ballstát an 1 Iúil 2026:*

| Ballstát | Tairseach náisiúnta (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2024 (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2025 (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2026 (EUR) | Incháilithe leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|---|
| Ballstát bunaíochta | 85 000 | 30 000 | 30 500 | 12 000 | N/B |
| Ballstát 2 | 20 000 | 19 000 | 19 500 | 21 000 | Gan bheith incháilithe |
| Ballstát 3 | 40 000 | 41 000 | 38 000 | 5 000 | Gan bheith incháilithe |
| Ballstát 4 | N/B | 10 000 | 12 000 | 15 000 | N/B |
| **LÁIMHDEACHAS IOMLÁN SAN AONTAS** | | | **100 000** | **53 000** | |

*Anailís ar chur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann:*

1. *Tá an duine inchánach bunaithe i mBallstát (Ballstát 1).* √
2. *In 2025 (an bhliain féilire roimhe sin), ní mó láimhdeachas bliantúil iomlán an duine inchánach san Aontas (EUR 100 000) ná tairseach bhliantúil an Aontais.* √
3. *In 2026 (an bhliain féilire reatha), ní mó láimhdeachas bliantúil iomlán an duine inchánach san Aontas (EUR 53 000) ná tairseach bhliantúil an Aontais.* √
4. *Ní mó láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 2 in 2025 (EUR 19 500) ná tairseach náisiúnta an Bhallstáit sin (EUR 20 000) ach is mó é in 2026, mar is é EUR 21 000 a láimhdeachas bliantúil in 2026.* X
5. *In 2024 (an bhliain féilire roimh an mbliain féilire roimhe sin), is mó láimhdeachas bliantúil an duine inchánach i mBallstát 3 (EUR 41 000) ná an tairseach náisiúnta sa Bhallstát sin (EUR 40 000).* X
6. *Mar chonclúid, ní fhéadfadh an duine inchánach tairbhe a bhaint as an scéim FBM trasteorann i mBallstát 2 agus i mBallstát 3.*

# 3.2. Clárú

## 3.2.1. Conas a chláraítear le haghaidh na scéime FBM trasteorann?

Más mian le duine inchánach cur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann a roghnú, ní mór dó **réamhfhógra** a thabhairt dá Bhallstát bunaíochta i dtosach. Sa réamhfhógra sin, sonróidh sé, i measc nithe eile, an Ballstát nó na Ballstáit inar mian leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm.

Ba cheart an réamhfhógra a chur isteach trí mheán leictreonach má rinne an Ballstát bunaíochta foráil maidir lena leithéid[8].

Ansin, déanann an Ballstát bunaíochta agus na Ballstáit a n-iarrann sé cur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann iontu seiceáil go gcomhlíonann an duine inchánach na coinníollacha lena cur i bhfeidhm.

Má chomhlíonann an duine inchánach na coinníollacha uile, sannfaidh an Ballstát bunaíochta ar an duine inchánach **uimhir aitheantais aonair** lena ngabhann an iarmhír 'EX' (ar a dtugtar 'uimhir EX' anseo feasta) a mbeidh gá léi chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm.

Má thugtar rochtain don duine inchánach ar an scéim FBM trasteorann i mBallstát díolúine inar aithníodh é chun críocha CBL cheana féin, déanfaidh an Ballstát díolúine gach beart is gá lena chinntiú nach n-aithneofar an duine inchánach a thuilleadh i leith na soláthairtí a dhéanfar sa Bhallstát sin a thiocfaidh faoi raon feidhme na scéime FBM.

## 3.2.2. Cén t-eolas ba cheart a chur sa réamhfhógra?

Ba cheart an t-eolas seo a leanas ar a laghad a bheith sa réamhfhógra:

a) ainm, gníomhaíocht, foirm dhlíthiúil agus seoladh an duine inchánach.

b) an Ballstát nó na Ballstáit ina bhfuil sé ar intinn ag an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm agus aon uimhir aitheantais CBL lenar féidir an duine inchánach a aithint chun críocha CBL sna Ballstáit sin.

---

8 Féach an t-eolas atá ar fáil faoi gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.

c) luach iomlán na soláthairtí earraí agus/nó seirbhísí a rinneadh sa Bhallstát bunaíochta agus i ngach ceann de na Ballstáit eile le linn na bliana féilire roimhe sin. D'fhéadfadh sé go gceanglódh Ballstáit áirithe ar an duine inchánach an t-eolas sin a sholáthar le haghaidh an 2 bhliain féilire seo a chuaigh thart[9].

d) luach iomlán na soláthairtí earraí agus/nó seirbhísí a rinneadh sa Bhallstát bunaíochta agus i ngach ceann de na Ballstáit eile le linn na bliana féilire reatha suas go dtí an dáta a cuireadh isteach an réamhfhógra.

Ní mór don duine inchánach luach iomlán a sholáthairtí earraí agus seirbhísí, is é sin a láimhdeachas bliantúil[10], a shonrú i ngach ceann de na 27 mBallstát seachas ina Bhallstát bunaíochta agus sna Ballstáit inar mian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm agus iontu sin amháin. Murab ann do láimhdeachas ar bith, is é '0' an luach iomlán atá le sonrú.

Má leag Ballstát síos tairseacha éagsúla le haghaidh earnálacha gnó éagsúla (tairseacha earnála), ba cheart an luach iomlán soláthairtí a shonrú ar leithligh le haghaidh gach tairsí[11].

***SAMPLA*:**

*Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, déanann sé idirbhearta atá faoi réir CBL ina Bhallstát bunaíochta, i mBallstát 2, agus i mBallstát 3. Is mian leis an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm maidir lena sholáthairtí earraí agus seirbhísí ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát 2 agus dá bhrí sin cuireann sé an réamhfhógra faoi bhráid a Bhallstáit bunaíochta an 1 Bealtaine 2026.*

*Shocraigh an Ballstát bunaíochta tairseach náisiúnta EUR 85 000 agus ceanglaíonn sé nach sáraítear an tairseach náisiúnta le linn na bliana féilire reatha agus le linn na bliana féilire roimhe sin chun tairbhe a bhaint as an díolúine ar a chríoch.*

*Leag Ballstát 2 síos dhá thairseach náisiúnta: tairseach dar luach EUR 50 000 le haghaidh na hearnála tógála agus tairseach dar luach EUR 70 000 le haghaidh gach earnála gnó eile. Ceanglaíonn Ballstát 2 nach sáraítear ceachtar den dá thairseach le linn na bliana féilire reatha agus le linn an 2 bhliain féilire roimhe sin chun tairbhe a bhaint as an díolúine ar a chríoch.*

*Ceanglaíonn Ballstát 3 nach sáraítear a thairseach náisiúnta le linn na bliana féilire reatha agus le linn na bliana féilire roimhe sin chun tairbhe a bhaint as an díolúine ar a chríoch.*

9 Féach an t-eolas atá ar fáil faoi gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.

10 Is é an láimhdeachas bliantúil luach iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí, ar leith ó CBL, a dhéantar i mBallstát le linn bliain féilire a chinntear faoi mar a mhínítear i gceist 1.6 *'Conas a ríomhtar an láimhdeachas bliantúil?'*. Féach freisin ceist 1.7 *'Conas a ríomhtar an láimhdeachas bliantúil san Aontas?'*.

11 Féach an t-eolas atá ar fáil faoi gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.

*Ní mór don duine inchánach an t-eolas seo a leanas faoina láimhdeachas bliantúil a chur san áireamh sa réamhfhógra:*

- *A láimhdeachas bliantúil ina Bhallstát bunaíochta le linn na bliana féilire reatha (ón 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán 2026) agus le linn na bliana féilire roimhe sin (2025).*
- *A láimhdeachas bliantúil i mBallstát 2 le linn na bliana féilire reatha agus le linn an 2 bhliain féilire roimhe sin (2024 agus 2025). Ní mór an láimhdeachas bliantúil a shonrú ar leithligh le haghaidh thairseach na hearnála tógála agus le haghaidh thairseach na n-earnálacha gnó eile.*
- *A láimhdeachas bliantúil i mBallstát 3 le linn na bliana féilire reatha agus le linn na bliana féilire roimhe sin.*
- *'0' mar a láimhdeachas bliantúil sna 24 Bhallstát eile, mar ní dhearna sé aon idirbheart sna Ballstáit le linn na bliana féilire reatha agus le linn na bliana féilire roimhe sin.*

| Ballstát | Tairseach náisiúnta (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2024 (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2025 (EUR) | Láimhdeachas bliantúil in 2026 (EUR) |
|---|---|---|---|---|
| Ballstát bunaíochta | 85 000 | N/B | 40 000 | 12 000 |
| Ballstát 2 | earnáil tógála: 50 000 | 19 000 | 14 000 | 3 500 |
| | earnálacha gnó eile: 70 000 | 41 000 | 38 000 | 5 000 |
| Ballstát 3 | N/B | N/B | 7 000 | 2 000 |
| Ballstát 4 | N/B | N/B | 0 | 0 |
| Ballstát 5 | N/B | N/B | 0 | 0 |
| … | N/B | N/B | 0 | 0 |
| Ballstát 27 | N/B | N/B | 0 | 0 |

*Dá mba rud é gur cheangail Ballstát 3 nach sáraítear a thairseach náisiúnta le linn na bliana féilire reatha agus le linn an 2 bhliain féilire roimhe sin chun tairbhe a bhaint as an díolúine ar a chríoch, bheadh ar an duine inchánach a chur san áireamh sa réamhfhógra a láimhdeachas i mBallstát 3 in 2024, 2025 agus ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 30 Aibreán 2026 fiú i gcás nár mhian leis an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát sin.*

*Ar an gcaoi chéanna, dá mba rud é gur leag Ballstát 3 síos tairseacha éagsúla le haghaidh earnálacha gnó éagsúla, bheadh ar an duine inchánach a láimhdeachas a mhiondealú de réir earnálacha gnó.*

## 3.2.3. Cén t-airgeadra ina n-ainmneofar na luachanna sa réamhfhógra?

Is in **euro** a ainmneofar luach na soláthairtí atá le cur san áireamh sa réamhfhógra. Mar sin féin, Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu, d’fhéadfaidís a cheangal go dtabharfaí na luachanna ina n-airgeadra náisiúnta. Má rinneadh na soláthairtí in airgeadraí eile, déanfar an comhshó tríd an ráta malairte a fhoilsíonn an Banc Ceannais Eorpach ar an gcéad lá den bhliain féilire a chur i bhfeidhm nó, murab ann d’aon fhoilsiú an lá sin, ar an gcéad lá eile a fhoilsítear é.

## 3.2.4. Cá fhad a mhairfidh an próiseas clárúcháin?

Go hiondúil, maireann an próiseas clárúcháin <u>35 lá oibre ar a mhéad</u> ón lá a fhaigheann an Ballstát bunaíochta an réamhfhógra ón duine inchánach ina n-iarrtar cur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann go dtí go mbeidh feidhm leis an díolúine. D’fhéadfadh an tréimhse sin a bheith níos faide dá mbeadh breis ama de dhíth ar na Ballstáit díolúine chun na seiceálacha is gá a dhéanamh chun cosc a chur ar chásanna imghabhála nó seachanta cánach. Sa chás sin, cuirfidh an Ballstát díolúine lena mbaineann an Ballstát bunaíochta ar an eolas lena chur ar a chumas dó an duine inchánach a chur ar an eolas faoin moill.

Go hachomair, is mar a leanas na céimeanna:

1.- Cuireann an duine inchánach an réamhfhógra faoi bhráid an Bhallstáit bunaíochta ina n-iarrann sé tairbhe a bhaint as an scéim FBM trasteorann in aon Bhallstát díolúine amháin nó níos mó.

2.- Laistigh de 15 lá oibre, ní mór don Bhallstát bunaíochta a fhíorú nach mó iomlán na n-idirbheart a rinne an duine inchánach i ngach ceann de na 27 mBallstát ná tairseach bhliantúil an Aontais (EUR 100 000) i mbliain féilire an réamhfhógra agus sa bhliain féilire roimhe sin araon.

3a.- Más mó láimhdeachas bliantúil an duine inchánach san Aontas ná tairseach bhliantúil an Aontais, diúltóidh an Ballstát bunaíochta rochtain ar an scéim FBM trasteorann don duine inchánach[12]. Thiocfadh deireadh leis an bpróiseas ansin.

3b.- Mura mó láimhdeachas bliantúil an duine inchánach san Aontas ná tairseach bhliantúil an Aontais, ní mór don Bhallstát bunaíochta an t-eolas a thug an duine inchánach sa réamhfhógra a roinnt leis an mBallstát díolúine.

[12] Sa chás sin, is féidir leis an duine inchánach an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta más rud é nach mó a láimhdeachas bliantúil sa Bhallstát sin ná an tairseach bhliantúil náisiúnta. Féach ceist 2.1.1 *‘Céard iad na coinníollacha chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm?’*.

4.- Laistigh de 15 lá oibre, seiceálfaidh an Ballstát díolúine go gcomhlíonann an duine inchánach na coinníollacha náisiúnta chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm, mar shampla nach mó láimhdeachas bliantúil an duine inchánach ar a chríoch ná an tairseach bhliantúil náisiúnta sa bhliain féilire reatha agus sa bhliain féilire roimhe sin (nó sa 2 bhliain féilire roimhe sin más é sin atá leagtha síos ag an mBallstát díolúine). Cuirfidh an Ballstát díolúine an Ballstát bunaíochta ar an eolas ansin faoin toradh.

5.- Cuirfidh an Ballstát bunaíochta an duine inchánach ar an eolas faoin toradh:


a) Má chomhlíonann an duine inchánach na coinníollacha náisiúnta chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát inar mian leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm: an uimhir 'EX' a shanntar dó[13].

b) Mura gcomhlíonann an duine inchánach na coinníollacha náisiúnta chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát inar mian leis an scéim FBM a chur i bhfeidhm: diúltú don iarraidh an scéim FBM a chur i bhfeidhm mar aon leis na cúiseanna leis an diúltú.

I gcás inar iarr an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i níos mó ná aon Bhallstát amháin, tabharfaidh an Ballstát bunaíochta rochtain ar dhíolúine i ngach Ballstát, ach an uimhir 'EX' a eisiúint nó é a thabhairt cothrom le dáta le Ballstáit nua inar féidir an díolúine a úsáid, a luaithe a gheobhaidh sé freagra ó aon cheann de na Ballstáit díolúine, seachas fanacht go bhfaighidh sé an freagra ó na Ballstáit díolúine uile. Leanfaidh an Ballstát bunaíochta an cur chuige céanna i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha díolúine.

Más rud é nach bhfaigheann an Ballstát bunaíochta freagra ón mBallstát nó ó na Ballstáit díolúine laistigh de 35 lá oibre tar éis chur isteach an réamhfhógra, tabharfaidh an Ballstát bunaíochta rochtain ar an scéim FBM trasteorann don duine inchánach sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann ach an uimhir 'EX' a eisiúint nó í a thabhairt cothrom le dáta tar éis dheireadh na tréimhse 35 lá oibre. Níl feidhm aige sin má mhaireann an nós imeachta níos mó ná 35 lá oibre chun imghabháil cánach nó seachaint cánach a chosc.

[13] Cumhdaítear leis sin freisin an cás ina n-iarrann an duine inchánach cur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann ina Bhallstát bunaíochta chomh maith leis an mBallstát nó leis na Ballstáit díolúine.




## 3.2.5. Cathain a bheidh éifeacht ag an díolúine (dáta tosaithe)?

Is féidir leis an duine inchánach tosú ar an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát nó sna Ballstáit inar iarr sé tairbhe a bhaint as an díolúine ón dáta a fhaigheann sé an uimhir 'EX' a eisítear dó nó ón dáta a thugann a Bhallstát bunaíochta an uimhir 'EX' sin cothrom le dáta. D'fhéadfadh sé nárbh ionann an dáta tosaithe ó Bhallstát go chéile, mar tugann an Ballstát bunaíochta rochtain ar an díolúine a luaithe a fhaigheann sé freagra ó na Ballstáit díolúine maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha náisiúnta chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm.

***SAMPLA:***

*Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, déanann sé idirbhearta atá faoi réir CBL i mBallstát 1, Ballstát 2, agus Ballstát 3. Is mian leis an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 2 agus i mBallstát 3 agus cuireann sé an réamhfhógra faoi bhráid a Bhallstáit bunaíochta an 1 Aibreán 2025. Comhlíonann an duine inchánach na coinníollacha chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sna Ballstáit sin.*

*Faigheann an Ballstát bunaíochta an freagra ó Bhallstát 2 an 21 Aibreán 2025 agus ó Bhallstát 3 an 28 Aibreán 2025.*

*Tugann an Ballstát bunaíochta rochtain ar an díolúine don duine inchánach a luaithe a fhaigheann sé na cinntí ó Bhallstát 2 agus ó Bhallstát 3, mar sin:*

- *An 23 Aibreán 2025, eisíonn an Ballstát bunaíochta an uimhir 'EX' agus cuireann sé in iúl don duine inchánach í agus sonraíonn gur féidir leis an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 2.*

- *An 1 Bealtaine 2025, tugann an Ballstát bunaíochta an uimhir 'EX' cothrom le dáta agus cuireann sé in iúl don duine inchánach í agus sonraíonn gur féidir leis an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 3.*

*Dá bhrí sin, is é an 23 Aibreán 2025 dáta tosaithe na díolúine i mBallstát 2 agus is é an 1 Bealtaine 2025 an dáta tosaithe i mBallstát 3.*

### 3.2.6. An féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh ar dhiúltú?

Is féidir le haon duine inchánach achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ina ndiúltaítear do chur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann.

Más é sárú ar an tairseach láimhdeachais san Aontas an chúis leis an diúltú, ní mór don duine inchánach an t-achomharc a chur faoi bhráid a Bhallstáit bunaíochta.

Más é sárú ar an tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta an chúis leis an diúltú, ní mór don duine inchánach an t-achomharc a chur faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann.

Ceist náisiúnta atá i gceist le hachomhairc, mar sin leagfaidh na Ballstáit síos a rialacha agus a nósanna imeachta féin. Ba cheart don Bhallstát bunaíochta gach beart is gá a dhéanamh chun an duine inchánach a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis an diúltú an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm agus faoin mBallstát ar féidir leis an duine inchánach achomharc a dhéanamh chuige i gcás inar mian leis cur in aghaidh an diúltaithe.

### 3.2.7. An féidir le duine inchánach iarratas a dhéanamh chun tairbhe a bhaint as an scéim FBM trasteorann i mBallstát nó i mBallstáit seachas iad sin a shonraítear sa réamhfhógra?

Is féidir leis an duine inchánach iarratas a dhéanamh chun an scéim FBM trasteorann a úsáid i mBallstát nó i mBallstáit seachas iad sin a shonraítear sa réamhfhógra.

Chun é sin a dhéanamh, ní mór don duine inchánach nuashonrú ar an réamhfhógra a chur faoi bhráid a Bhallstáit bunaíochta. Ba cheart an nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach trí mheán leictreonach má rinne an Ballstát bunaíochta foráil maidir lena leithéid[14].

[14] Féach an t-eolas atá ar fáil faoi gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.

D’fhéadfadh dhá chás a bheith ann:

a) Tá an scéim FBM trasteorann á cur i bhfeidhm ag an duine inchánach cheana féin. Sa chás sin, sonróidh an duine inchánach an t-eolas seo a leanas sa nuashonrú ar an réamhfhógra:

- An uimhir ‘EX’ a shann an Ballstát bunaíochta dó.
- An Ballstát nó na Ballstáit nua inar mian leis an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm.
- Eolas faoi luach iomlán soláthairtí nár soláthraíodh roimhe sin don Bhallstát bunaíochta trína thuairiscí ráithiúla[15].

Leanann an nuashonrú ar an réamhfhógra (mar iarratas nua) an próiseas clárúcháin céanna leis an réamhfhógra a chuir an duine inchánach isteach roimhe sin[16]. Ní mhairfidh an nós imeachta iomlán níos nó ná 35 lá oibre agus tabharfaidh an Ballstát bunaíochta fógra don duine inchánach maidir le cibé acu a ghlactar lena iarraidh nua nó a dhiúltaítear di. D’fhéadfadh an tréimhse sin a bheith níos faide dá mbeadh breis ama de dhíth ar na Ballstáit díolúine chun na seiceálacha is gá a dhéanamh chun cosc a chur ar chásanna imghabhála nó seachanta cánach.

Is féidir leis an duine inchánach tosú ar an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát nó sna Ballstáit nua ón dáta a chuireann a Bhallstát bunaíochta in iúl dó gur féidir leis a uimhir ‘EX’ atá ann cheana a úsáid sa Bhallstát nó sna Ballstáit nua.

Tar éis 35 lá oibre tar éis chur isteach an nuashonraithe ar an réamhfhógra gan freagra a fháil ón mBallstát nó ó na Ballstáit díolúine nua maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm, tabharfaidh an Ballstát bunaíochta rochtain ar an díolúine sa Bhallstát nó sna Ballstáit nua don duine inchánach.

b) Chuir an duine inchánach an réamhfhógra isteach agus tá sé á phróiseáil i gcónaí. Sa chás sin, ní mór don duine inchánach fanacht go n-eiseofar a uimhir ‘EX’ roimh iarraidh tairbhe a bhaint as an díolúine sa Bhallstát nó sna Ballstáit nua. Ansin, tá an próiseas ar aon dul lena mínítear faoi phointe a) thuas.

15 Féach ceist 3.3.1 ‘*Cé na hoibleagáidí tuairiscithe a bheidh ar an duine inchánach faoin scéim FBM trasteorann?*’.

16 Féach ceist 3.2.4 ‘*Cá fhad a mhairfidh an próiseas clárúcháin?*’.

### 3.2.8. Céard a tharlóidh má bhíonn eolas mícheart nó neamhiomlán sa réamhfhógra?

Tar éis an réamhfhógra a chur isteach agus roimh an uimhir 'EX' a fháil, má tá an t-eolas sa réamhfhógra mícheart nó neamhiomlán, is féidir leis an duine inchánach é a cheartú nó a chomhlánú ach réamhfhógra nua a chur isteach in ionad an chéad réamhfhógra. Sa chás sin, cuirtear tús leis an uastréimhse chun an réamhfhógra a phróiseáil (35 lá oibre) ón dáta a chuireann an duine inchánach an réamhfhógra nua isteach.

I gcás ina mbraitear earráidí tar éis an duine inchánach a cheadú isteach sa scéim FBM trasteorann, déanfar an ceartú trí nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach. Luafar an uimhir 'EX' a sannadh don duine inchánach cheana féin sa nuashonrú i gcónaí.

Más rud é, bunaithe ar an eolas nua a sholáthraítear i nuashonrú ar an réamhfhógra, gurb é an toradh atá air nár chomhlíon an duine inchánach na coinníollacha chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm, diúltófar an duine inchánach ón scéim FBM le héifeacht chúlghabhálach. Ciallaíonn sé sin go measfar nár tugadh rochtain ar an scéim FBM trasteorann don duine inchánach ón dáta a cuireadh isteach an réamhfhógra bunaidh agus go bhfuil oibleagáid air an córas caighdeánach CBL – nó nósanna imeachta simplithe – a chur i bhfeidhm maidir lena sholáthairtí ón dáta sin. I gcás inar dhíolmhaigh an duine inchánach a sholáthairtí ó CBL in aon cheann amháin nó níos mó de na Ballstáit tar éis thoradh an réamhfhógra bunaidh, beidh air teagmháil a dhéanamh leis na Ballstáit lena mbaineann chun a staid CBL a thabhairt chun rialtachta.

### 3.2.9. Céard is gá a dhéanamh agus an Ballstát bunaíochta á athrú?

Maidir le duine inchánach a bhaineann tairbhe as an scéim FBM trasteorann, má athraíonn sé a Bhallstát bunaíochta (ó Bhallstát 1 go Ballstát 2), ní mór dó nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach sa Bhallstát bunaíochta roimhe sin (Ballstát 1) ina sonraítear an Ballstát bunaíochta nua (Ballstát 2).

Ansin, díghníomhachtóidh Ballstát 1 an uimhir 'EX' a shann sé don duine inchánach. Ní mór don duine inchánach réamhfhógra nua a chur faoi bhráid Bhallstát 2 chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm arís agus, má chomhlíontar na coinníollacha uile i gcónaí, eiseoidh Ballstát 2 uimhir 'EX' nua.

### 3.2.10. An féidir leasuithe eile a dhéanamh ar an réamhfhógra?

Ní mór don duine inchánach a Bhallstát bunaíochta a chur ar an eolas le nuashonrú ar an réamhfhógra maidir le haon athrú ar an eolas a soláthraíodh roimhe sin sa réamhfhógra, mar shampla athrú ar ainm, gníomhaíocht nó seoladh an duine inchánach.

## 3.3. Oibleagáidí foirmiúla

### 3.3.1. Cé na hoibleagáidí tuairiscithe a bheidh ar an duine inchánach faoin scéim FBM trasteorann?

Duine inchánach a bhaineann tairbhe as an scéim FBM trasteorann, ní mór dó **tuairiscí ráithiúla** a chur faoi bhráid a Bhallstáit bunaíochta le haghaidh na soláthairtí uile earraí agus seirbhísí a dhéanann sé sna Ballstáit uile.

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a bheith sna tuairiscí ráithiúla:

- uimhir ‘EX’ an duine inchánach.
- luach iomlán na soláthairtí (díolmhaithe nó ar gearradh cáin orthu) a rinneadh le linn na ráithe féilire sa Bhallstát bunaíochta nó ‘0’ mura ndearnadh aon soláthar.
- luach iomlán na soláthairtí (díolmhaithe nó ar gearradh cáin orthu) a rinneadh le linn na ráithe féilire i ngach Ballstát seachas an Ballstát bunaíochta nó ‘0’ mura ndearnadh aon soláthar.

Má leag na Ballstáit a cheadaigh an díolúine síos tairseacha éagsúla le haghaidh earnálacha gnó éagsúla, ba cheart an luach iomlán soláthairtí a shonrú ar leithligh le haghaidh gach tairsí[17].

Is iad na luachanna a úsáidtear chun an láimhdeachas bliantúil a ríomh na luachanna soláthairtí atá le cur san áireamh sa tuairisc ráithiúil[18].

Is in euro a ainmneofar luach na soláthairtí atá le cur san áireamh sna tuairiscí ráithiúla. Mar sin féin, Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu, d’fhéadfaidís a cheangal go dtabharfaí na luachanna ina n-airgeadra náisiúnta. Le haghaidh aon chomhshó, úsáidfidh an duine inchánach an ráta malairte a fhoilsíonn an Banc Ceannais Eorpach ar an gcéad lá den bhliain féilire nó, murab ann d’aon fhoilsiú an lá sin, ar an gcéad lá eile a fhoilsítear é.

17 Féach an t-eolas atá ar fáil faoi gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.

18 Féach ceist 1.6 ‘*Conas a ríomhtar an láimhdeachas bliantúil?*’.

Tá ceangal ar an duine inchánach an tuairisc ráithiúil a chur faoi bhráid an Bhallstáit bunaíochta laistigh de mhí tar éis dheireadh na ráithe féilire.

| RÁITHE FÉILIRE | CUR ISTEACH AN TUAIRISCEÁIN |
|---|---|
| R1: An 1 Eanáir go dtí an 31 Márta | 1-30 Aibreán |
| R2: An 1 Aibreán go dtí an 30 Meitheamh | 1-31 Iúil |
| R3: An 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair | 1-31 Deireadh Fómhair |
| R4: An 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig | 1-31 Eanáir an bhliain dár gcionn |

Ba cheart an tuairisc ráithiúil a chur isteach trí mheán leictreonach má rinne an Ballstát bunaíochta foráil maidir lena leithéid[19].

## 3.3.2. Cé na luachanna atá le cur san áireamh sa chéad tuairisc ráithiúil?

Toisc nach ionann an dáta a chuirtear isteach an réamhfhógra agus an dáta is féidir le duine inchánach tosú ar an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin dúbláil nó eolas in easnamh sa chéad tuairisc ráithiúil atá le cur isteach.

Beartaítear dhá chás chun é sin a sheachaint:

a) Cuirtear isteach an réamhfhógra in aon ráithe féilire amháin agus sa chéad ráithe féilire eile, faigheann an duine inchánach a uimhir 'EX' chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm.

   Sa chás sin, ba cheart a chur san áireamh sa chéad tuairisc ráithiúil atá le cur isteach faoin scéim FBM trasteorann luach soláthairtí a rinneadh sa ráithe féilire a chumhdaítear leis an tuairisc ráithiúil agus ar leithligh an luach iomlán soláthairtí a rinneadh idir an dáta a cuireadh isteach an réamhfhógra agus an dáta deiridh den ráithe féilire a chomhfhreagraíonn don réamhfhógra.

19 Féach an t-eolas atá ar fáil faoi gach Ballstát ar an [tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna](#).

***SAMPLA:***

*Cuireann duine inchánach réamhfhógra isteach an 14 Márta 2025 agus faigheann sé a uimhir 'EX' an 15 Aibreán 2025. An chéad tuairisc ráithiúil atá le cur isteach ag an duine inchánach faoin scéim FBM, comhfhreagraíonn sí don dara ráithe (R2) de 2025 ina gcuimseofar na luachanna seo a leanas:*

*- Luach iomlán na soláthairtí a rinneadh i mí Aibreáin, mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh 2025.*

*- Luach iomlán na soláthairtí a rinneadh idir an dáta a cuireadh isteach an réamhfhógra (14 Márta 2025) agus an dáta deiridh den chéad ráithe féilire (31 Márta 2025).*

***SAMPLA:***

*Cuireann duine inchánach réamhfhógra isteach an 15 Nollaig 2025 agus faigheann sé a uimhir 'EX' an 14 Eanáir 2026. An chéad tuairisc ráithiúil atá le cur isteach ag an duine inchánach faoin scéim FBM, comhfhreagraíonn sí don chéad ráithe (R1) de 2026 ina gcuimseofar na luachanna seo a leanas:*

*- Luach iomlán na soláthairtí a rinneadh i mí Eanáir, mí Feabhra agus mí an Mhárta 2026.*

*- Luach iomlán na soláthairtí a rinneadh idir an dáta a cuireadh isteach an réamhfhógra (15 Nollaig 2025) agus an dáta deiridh den cheathrú ráithe féilire (31 Nollaig 2025).*

b) Cuirtear isteach an réamhfhógra agus faigheann an duine inchánach a uimhir aitheantais aonair 'EX' chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa ráithe féilire chéanna.

Sa chás sin, níor cheart a chur san áireamh sa chéad tuairisc ráithiúil atá le cur isteach faoin scéim FBM trasteorann ach luach na soláthairtí a rinneadh idir an dáta a cuireadh isteach an réamhfhógra agus an dáta deiridh den ráithe féilire a chumhdaítear leis an tuairisc ráithiúil sin.

***SAMPLA:***

*Cuireann duine inchánach réamhfhógra isteach an 15 Iúil 2025 agus faigheann sé a uimhir 'EX' an 10 Lúnasa 2025. An chéad tuairisc ráithiúil atá le cur isteach ag an duine inchánach, comhfhreagraíonn sí don tríú ráithe (R3) de 2025 ina gcuimseofar na luachanna seo a leanas:*

- *Luach iomlán na soláthairtí a rinneadh idir an dáta a cuireadh isteach an réamhfhógra (15 Iúil 2025) agus an dáta deiridh den tríú ráithe féilire (30 Meán Fómhair 2025).*

*Luach na soláthairtí a rinneadh idir an 1 Iúil agus an 15 Iúil 2025, tá sé san áireamh sa réamhfhógra cheana féin.*

### 3.3.3. Céard a tharlóidh má bhíonn eolas mícheart sa tuairisc ráithiúil? (ceartú tuairiscí ráithiúla)

Má bhraitheann duine inchánach earráidí i dtuairisc ráithiúil nó má chuirtear ar ceal idirbheart a rinneadh sa ráithe féilire (mar shampla, seoltar earraí ar ais), déanfar an ceartúchán tríd an tuairisc ráithiúil bhunaidh a chur isteach arís agus ní mór é sin a dhéanamh a luaithe a bhraitear an earráid.

Is é 3 bliana an sprioc-am chun tuairisc ráithiúil a cheartú.

### 3.3.4. Céard a tharlóidh mura gcuirtear isteach tuairiscí ráithiúla nó má chuirtear isteach déanach iad?

Sna cásanna sin, is féidir le duine inchánach leanúint de thairbhe a bhaint as an scéim FBM trasteorann, ach d'fhéadfadh aon cheann de na Ballstáit a cheadaíonn an díolúine a cheangal ar an duine inchánach oibleagáidí CBL a chomhlíonadh ar a chríoch, mar shampla a bheith cláraithe le haghaidh CBL agus tuairisceán CBL a chur isteach[20], rud a d'fhágfadh go gcaillfeadh sé buntáiste na díolúine ó na hoibleagáidí sin. Más rud é nach gcloíonn an duine inchánach leis na hoibleagáidí CBL dá ainneoin sin, is féidir leis an mBallstát a cheadaíonn an díolúine pionóis a ghearradh.

Meastar go gcuirtear tuairisc ráithiúil isteach déanach má chuireann an duine inchánach isteach í níos mó ná 30 lá déanach nó i gcás ina gcuirtear isteach déanach dhá thuairisc ráithiúla nó níos mó i ndiaidh a chéile.

### 3.3.5. An gá don duine inchánach sonraisc a eisiúint?

Is féidir leis na Ballstáit duine inchánach a bhaineann tairbhe as an scéim FBM trasteorann ar a gcríoch a scaoileadh ón oibleagáid maidir le sonraisc a eisiúint. I gcás ina gcinneann an Ballstát bunaíochta gan an duine inchánach a scaoileadh ón oibleagáid maidir le sonraisc a eisiúint, ceadóidh sé don duine inchánach sonraisc shimplithe a eisiúint.

---

[20] Féach an t-eolas atá ar fáil faoi gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.

Tá eolas breise faoi na rialacha is infheidhme i do Bhallstát bunaíochta agus i ngach Ballstát eile le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.

### 3.3.6. An gá don duine inchánach a bheith cláraithe agus tuairisceáin CBL a chur isteach?

Ní gá, i gcás ina mbaineann duine inchánach tairbhe as an scéim FBM trasteorann, níl ceangal air ach réamhfhógra a chur isteach agus tuairiscí ráithiúla a chomhdú ina Bhallstát bunaíochta. Dá bhrí sin, i mBallstát díolúine, ní bheidh ceangal air clárú chun críocha CBL ná tuairisceán CBL a chur isteach i leith soláthairtí a chumhdaítear leis an díolúine sa Bhallstát sin.

Ina theannta sin, má bhaineann an duine inchánach tairbhe freisin as an scéim FBM ina Bhallstát bunaíochta, ní bheidh ceangal air ach an oiread tuairisceán CBL a chur isteach i leith na soláthairtí a chumhdaítear leis an díolúine ina Bhallstát bunaíochta.

Mar sin féin, ba cheart a mheabhrú nach gcumhdaítear ach soláthairtí, agus iad sin amháin, leis an scéim FBM. Dá bhrí sin, duine inchánach a chuireann an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm, ní mór dó a oibleagáidí CBL a chomhlíonadh agus CBL a íoc ar na ceannacháin a bhfuil sé faoi dhliteanas CBL a íoc ina leith: mar shampla, i gcás iompórtálacha, earraí a fháil laistigh den Chomhphobal, agus ceannacháin seirbhísí le cur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí[21].

## 3.4. Éirí as an scéim FBM trasteorann

Is féidir le duine inchánach éirí as an scéim FBM trasteorann go toilteanach (scor), nó is féidir lena Bhallstát bunaíochta é a eisiamh ón scéim (eisiamh) i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha chun an scéim FBM trasteorann a úsáid a thuilleadh.

I gcás eisiaimh, cuirtear cosc ar an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a úsáid ar feadh tréimhse áirithe. D'fhéadfadh sé go gcuirfí cosc ar an duine inchánach freisin ar scor den scéim.

[21] Tá eolas breise sna Nótaí Míniúcháin maidir le hathruithe ar CBL san Aontas a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga, roinn 6. *'IDIRGHNÍOMHÚ LEIS AN gCÓRAS CAIGHDEÁNACH CBL'*.

## 3.4.1. Scor

### 3.4.1.1. Conas éirí as an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm?

Má chinneann duine inchánach éirí as an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i roinnt Ballstáit díolúine nó iontu uile nó i gcás ina dtagann deireadh lena ghníomhaíocht eacnamaíoch, ní mór don duine inchánach an Ballstát bunaíochta a chur ar an eolas faoi sin trí nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach.

### 3.4.1.2. Cathain a bheidh éifeacht ag an scor?

Beidh éifeacht ag an scor:

- I gcás ina bhfaigheann an Ballstát bunaíochta an nuashonrú ar an réamhfhógra le linn an chéad 2 mhí de ráithe féilire, ón gcéad lá den chéad ráithe féilire eile.
- I gcás ina bhfaigheann an Ballstát bunaíochta an nuashonrú ar an réamhfhógra le linn na míosa deiridh de ráithe féilire, ón gcéad lá den dara ráithe féilire den chéad ráithe féilire eile.

***SAMPLA:***

*Duine inchánach a bhaineann tairbhe as an scéim FBM trasteorann i mBallstát 1, is mian leis éirí as an scéim a chur i bhfeidhm. Chun é sin a dhéanamh, cuireann an duine inchánach nuashonrú ar an réamhfhógra isteach agus faigheann an Ballstát bunaíochta é an 20 Lúnasa 2026. Sa chás sin, beidh éifeacht ag an scor ón 1 Deireadh Fómhair 2026.*

*Dá mba rud é go bhfuair an Ballstát bunaíochta an nuashonrú ar an réamhfhógra an 15 Meán Fómhair 2026, bheadh éifeacht ag an scor ón 1 Samhain 2026.*

Nuair a dhéanfaidh an duine inchánach an nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach chun an scor den scéim FBM trasteorann a chur in iúl, déanfaidh an Ballstát bunaíochta ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas gan mhoill:

a) Má éiríonn an duine inchánach as an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i ngach Ballstát ina raibh an scéim speisialta á cur i bhfeidhm aige: DÍGHNÍOMHACHTÚ UIMHIR 'EX' an duine inchánach.

b) Má éiríonn an duine inchánach as an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i roinnt Ballstáit, agus iontu sin amháin, agus má leanann sé den scéim a chur i bhfeidhm i mBallstáit eile: FANANN UIMHIR 'EX' an duine inchánach mar a bheith GNÍOMHACHTAITHE agus TUGTAR COTHROM LE DÁTA an tEOLAS faoi na Ballstáit ina dtugann an uimhir 'EX' rochtain ar an díolúine.

#### 3.4.1.3. Cathain is féidir le duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm arís tar éis dó éirí as an scéim speisialta go toilteanach?

Sainmhíníonn na Ballstáit na rialacha mionsonraithe agus na coinníollacha chun éirí as an scéim go toilteanach. I gcás duine inchánach a éiríonn as an scéim FBM trasteorann go toilteanach i mBallstát, is féidir leis an mBallstát sin foráil a dhéanamh maidir le tréimhse choraintín nach féidir leis an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm arís lena linn. Ag deireadh na tréimhse sin, is féidir leis an duine inchánach rogha a dhéanamh an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm arís má chomhlíonann sé na coinníollacha uile (féach an t-eolas faoi gach Ballstát atá le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna) trí réamhfhógra nó nuashonrú ar an réamhfhógra a chur isteach, ag brath ar an gcás.

### 3.4.2. Eisiamh

#### 3.4.2.1. Cathain a eisiafar duine inchánach ón scéim FBM trasteorann?

Duine inchánach a chuireann an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm, eisiatar é ón scéim speisialta sin sna cásanna seo a leanas:

a) I gcás ina sáraíonn sé tairseach bhliantúil an Aontais (EUR 100 000) le linn na bliana féilire reatha nó sa bhliain féilire roimhe sin.

b) I gcás ina sáraíonn sé an tairseach bhliantúil náisiúnta de Bhallstát a cheadaíonn an díolúine le linn na bliana féilire reatha nó sa bhliain féilire roimhe sin.

c) I gcás inar scoir sé dá ghníomhaíocht eacnamaíoch ach nár chuir sé é sin in iúl dá Bhallstát bunaíochta.

#### 3.4.2.2. Céard a tharlaíonn nuair a sháraíonn an duine inchánach tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais?

Mar a luaitear thuas, maidir le duine inchánach a bhaineann tairbhe as an scéim FBM trasteorann, má sháraíonn sé tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais sa bhliain féilire roimhe sin nó i rith na bliana féilire reatha, eisiafar é ón scéim sin ón bpointe sin. Mar thoradh air sin, ón bpointe a sháraítear tairseach bhliantúil an Aontais:

- Ní mór don duine inchánach éirí as an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i ngach Ballstát ina raibh an scéim á cur i bhfeidhm aige, agus

- Ní féidir leis an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstáit nua (seachas na Ballstáit sin ina raibh an scéim speisialta á cur i bhfeidhm aige cheana féin). D'fhéadfadh sé go mbeadh duine inchánach in ann an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta dá gcomhlíonfaí na coinníollacha uile[22].

Ar an ábhar sin, **díghníomhachtóidh** an Ballstát bunaíochta gan mhoill **an uimhir 'EX'** a shann sé don duine inchánach chun críocha na scéime FBM trasteorann.

I gcás ina n-eisiatar an duine inchánach ón scéim FBM trasteorann, ní mór dó an córas caighdeánach CBL a chur i bhfeidhm i ngach Ballstát ina raibh an scéim FBM trasteorann á cur i bhfeidhm aige. Is féidir leis rogha a dhéanamh freisin na nósanna imeachta simplithe a chur i bhfeidhm chun CBL a ghearradh agus a bhailiú, i gcás inar féidir, de réir na reachtaíochta náisiúnta (féach an t-eolas faoi gach Ballstát atá le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).

***SAMPLA:***

*Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, tá sé ag baint tairbhe as an scéim FBM trasteorann i mBallstát 2 agus i mBallstát 3. Déanann an duine inchánach idirbhearta i mBallstát 4 freisin faoin gcóras caighdeánach CBL. Is é EUR 99 300 láimhdeachas bliantúil an duine inchánach san Aontas an 30 Nollaig 2026. Déanann an duine inchánach soláthar nua dar luach EUR 1 000 i mBallstát 3 an 31 Nollaig 2026.*

| | **Méideanna (EUR)** |
|---|---|
| Láimhdeachas san Aontas ón 1/1/2026 go dtí an 30/12/2026 | 99 300 |
| Soláthar an 31/12/2026 i mBallstát 3 | 1 000 |
| Láimhdeachas san Aontas ón 1/1/2026 go dtí an 31/12/2026 | 100 300 |
| **Tairseach an Aontais** | **100 000** |

*Toisc gur mó láimhdeachas an duine inchánach san Aontas (EUR 100 300) an 31 Nollaig 2026 ná tairseach bhliantúil an Aontais (EUR 100 000):*

- *Ní mór don duine inchánach éirí as an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 2 agus i mBallstát 3 an 31 Nollaig 2026 agus tosaíonn an tréimhse choraintín an dáta sin.*

[22] Féach ceist 2.1.1 *'Céard iad na coinníollacha chun an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm?'*.

- *Ní mór don duine inchánach an córas caighdeánach CBL (clárú le haghaidh CBL, tuairisceán CBL a chur isteach, …) nó nósanna imeachta simplithe a chur i bhfeidhm i mBallstát 2 agus i mBallstát 3 an 31 Nollaig 2026 ón soláthar dar luach EUR 1 000 mar is é sin an chéad soláthar a sháraíonn tairseach an Aontais. Dá bhrí sin, ní féidir leis an duine inchánach an soláthar dar luach EUR 1 000 a dhíolmhú ó CBL i mBallstát 3, agus ní mór dó CBL a ghearradh air.*

- *Ní féidir leis an duine inchánach cur i bhfeidhm na scéime FBM trasteorann i mBallstát 4 a iarraidh. D'fhéadfadh sé an scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta (Ballstát 1) dá gcomhlíonfaí na coinníollacha uile.*

### 3.4.2.3. An gá don duine inchánach a thuairisciú nuair a sháraíonn sé tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais?

Is gá – nuair a sháraítear tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais (EUR 100 000), ní mór don duine inchánach an Ballstát bunaíochta a chur ar an eolas laistigh de 15 lá oibre ón lá a sáraíodh an tairseach trí **thuairisc dheiridh** ina bhfuil an t-eolas seo a leanas a chur isteach:

- luach iomlán na soláthairtí a rinneadh sa Bhallstát bunaíochta ó thús na ráithe féilire reatha go dtí an dáta a sáraíodh tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais.

- luach iomlán na soláthairtí a rinneadh i ngach ceann de na Ballstáit seachas an Ballstát bunaíochta ó thús na ráithe féilire reatha go dtí an dáta a sáraíodh tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais.

Ba cheart an t-eolas sin uile a chur isteach trí mheán leictreonach má rinne an Ballstát bunaíochta foráil maidir lena leithéid[23].

Mura gcuireann an duine inchánach an tuairisc dheiridh isteach laistigh de 15 lá oibre, is féidir leis an mBallstát bunaíochta pionóis a ghearradh ar an duine inchánach.


### 3.4.2.4. Céard í an tréimhse choraintín?

I gcás ina n-eisiatar an duine inchánach ón scéim FBM trasteorann, ní bheidh sé ábalta an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm arís ar feadh tréimhse ama, is é sin an tréimhse choraintín.

Cuirtear tús leis an tréimhse choraintín tráth a sháraítear tairseach bhliantúil an Aontais agus cumhdófar leis an chuid eile den bhliain féilire reatha agus an bhliain féilire dár gcionn.

---

[23] Féach an t-eolas atá ar fáil faoi gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.




Nuair a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse choraintín, is féidir leis an duine inchánach réamhfhógra nua a chur isteach chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm arís sna Ballstáit ina raibh sí á cur i bhfeidhm roimhe sin (nó í a chur i bhfeidhm i mBallstáit nua) ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile.

***SAMPLA:***

*Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, tá sé ag baint tairbhe as an scéim FBM trasteorann i mBallstát 2 agus i mBallstát 3. Déanann an duine inchánach idirbhearta i mBallstát 4 freisin faoin gcóras caighdeánach CBL. Is é EUR 98 000 láimhdeachas bliantúil an duine inchánach san Aontas an 12 Deireadh Fómhair 2026. Déanann an duine inchánach soláthar nua dar luach EUR 2 100 i mBallstát 4 an 13 Deireadh Fómhair 2026.*

| | **Méideanna (EUR)** |
|---|---|
| Láimhdeachas san Aontas ón 1/1/2026 go dtí an 12/10/2026 | 98 000 |
| Soláthar an 13/10/2026 i mBallstát 4 | 2 100 |
| Láimhdeachas san Aontas ón 1/1/2026 go dtí an 13/10/2026 | 100 100 |
| **Tairseach an Aontais** | **100 000** |

*Toisc gur mó láimhdeachas an duine inchánach san Aontas (EUR 100 100) an 13 Deireadh Fómhair 2026 ná tairseach láimhdeachais bhliantúil an Aontais (EUR 100 000):*

- *Ní mór don duine inchánach éirí as an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát 2 agus i mBallstát 3 an 13 Deireadh Fómhair 2026 agus tosaíonn an tréimhse choraintín an 13 Deireadh Fómhair 2026. Dá bhrí sin, ní féidir leis an duine inchánach an soláthar dar luach EUR 2 100 a dhíolmhú ó CBL, agus ní mór dó CBL a ghearradh air.*

- *Tiocfaidh deireadh leis an tréimhse choraintín an 31 Nollaig 2027.*

- *Ón 1 Eanáir 2028, is féidir leis an duine inchánach réamhfhógra nua a chur isteach chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm arís i mBallstát 2 agus i mBallstát 3 chomh maith leis an scéim a chur i bhfeidhm i mBallstáit eile dá gcomhlíonfaí na coinníollacha uile (gan an láimhdeachas bliantúil san Aontas a shárú, gan an tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta a shárú).*

### 3.4.2.5. An féidir le duine inchánach leanúint den scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta má sháraítear tairseach bhliantúil an Aontais?

Fiú i gcás inar sháraigh an duine inchánach an tairseach láimhdeachais bhliantúil san Aontas, is féidir leis leanúint den scéim FBM intíre a chur i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta ar choinníoll nach sáróidh sé an tairseach bhliantúil náisiúnta sa Bhallstát sin.

### 3.4.2.6. Céard a tharlaíonn nuair nach sáraíonn an duine inchánach ach an tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta amháin?

Maidir le duine inchánach a bhaineann tairbhe as an scéim FBM trasteorann i mBallstát, má sháraíonn sé an tairseach bhliantúil náisiúnta sa bhliain féilire reatha nó sa bhliain féilire roimhe sin, eisiafar é ón scéim sin sa Bhallstát áirithe sin, agus sa Bhallstát sin amháin. Is féidir leis an duine inchánach leanúint den scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát nó i mBallstáit díolúine eile.

Feidhmíonn an t-eisiamh ón scéim FBM trasteorann i mBallstát díolúine ar an gcaoi chéanna leis an eisiamh ón scéim FBM intíre[24].

Dá bhrí sin, an dáta éifeachtach ónar gá don duine inchánach éirí as an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm i mBallstát i gcás sárú ar an tairseach bhliantúil náisiúnta le linn bliain féilire, braithfidh sé ar an rogha a fheidhmíonn an Ballstát sin[25]:

a) Mar réamhshocrú, más rud é go sáraítear an tairseach náisiúnta le 10 % nó níos lú, is féidir leis an duine inchánach leanúint de thairbhe a bhaint as an scéim FBM trasteorann go dtí deireadh na bliana féilire sin. Mar sin féin, más rud é go sáraítear an tairseach náisiúnta le níos mó ná 10 %, ní mór don duine inchánach éirí as an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát díolúine lena mbaineann, agus sa Bhallstát sin amháin, ón tráth sin.

---

[24] Féach ceist 2.3.2,1 '*Cathain a eisiatar duine inchánach ón scéim FBM intíre?*', ceist 2.3.2,2 '*Céard í an tréimhse choraintín?*', agus ceist 2.3.2,3 '*Céard iad iarmhairtí an eisiaimh?*'.

[25] Féach an rogha a fheidhmíonn gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna.

b) Ansin, d’fhéadfadh sé gur chinn an Ballstát bunaíochta a cheadaíonn an díolúine an uasteorainn a ardú ó 10 % go 25 % nó, de rogha air sin, gan aon uasteorainn a leagan síos. An t-aon teorainn atá leis na roghanna sin ná nach féidir a bheith mar thoradh orthu go ndíolmhófar duine inchánach a bhfuil láimhdeachas os cionn EUR 100 000 aige sa Bhallstát a cheadaíonn an díolúine sa bhliain féilire reatha.

c) Ar deireadh, d’fhéadfadh sé gur chinn an Ballstát a cheadaíonn an díolúine freisin nach mbeidh feidhm leis an scéim FBM trasteorann a thuilleadh ar a chríoch ón am a shárófar an tairseach náisiúnta.

Mar thoradh ar bheith eisithe ón scéim FBM trasteorann, déanfaidh an Ballstát bunaíochta ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas gan mhoill:

- Má sháraíonn an duine inchánach an tairseach bhliantúil náisiúnta i ngach Ballstát ina raibh an scéim FBM trasteorann á cur i bhfeidhm aige: DÍGHNÍOMHACHTÚ UIMHIR ‘EX’ an duine inchánach.

- Mura sáraíonn an duine inchánach an tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta ach i gcuid de na Ballstáit ina raibh an scéim FBM trasteorann á cur i bhfeidhm aige, agus iontu sin amháin: FANANN UIMHIR ‘EX’ an duine inchánach mar a bheith GNÍOMHACHTAITHE agus TUGTAR COTHROM LE DÁTA an tEOLAS faoi na Ballstáit ina dtugann an uimhir ‘EX’ rochtain ar an díolúine.

I gcás ina n-eisiatar an duine inchánach ón scéim FBM trasteorann, ní mór dó an córas caighdeánach CBL a chur i bhfeidhm i ngach Ballstát ina raibh an scéim FBM trasteorann á cur i bhfeidhm aige. Is féidir leis rogha a dhéanamh freisin na nósanna imeachta simplithe a chur i bhfeidhm chun CBL a ghearradh agus a bhailiú, i gcás inar féidir, de réir na reachtaíochta náisiúnta (féach an t-eolas faoi gach Ballstát atá le fáil ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).


### 3.4.2.7. Céard í an tréimhse choraintín nuair a sháraítear an tairseach láimhdeachais bhliantúil náisiúnta?

I gcás ina n-eisiatar an duine inchánach ón scéim FBM trasteorann i mBallstát, is í an tréimhse choraintín an tréimhse ama nach féidir leis an duine inchánach an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm sa Bhallstát sin arís lena linn.


Tá feidhm ag an tréimhse choraintín ón scéim FBM trasteorann i mBallstát díolúine mar an gcéanna leis an tréimhse choraintín ón scéim FBM intíre[26].

[26] Féach ceist 2.3.2,2 *‘Céard í an tréimhse choraintín?’*.

Dá bhrí sin, cuirtear tús leis an tréimhse choraintín tráth a sháraítear an tairseach bhliantúil náisiúnta nó an uasteorainn atá leagtha síos ag an mBallstát a cheadaíonn an díolúine (de réir na rogha a roghnaigh an Ballstát) agus cumhdófar leis an chuid eile den bhliain féilire reatha agus an bhliain féilire dár gcionn.




Is féidir síneadh a chur leis an tréimhse choraintín chun an 2 bhliain féilire dár gcionn a chumhdach, faoi rogha an Bhallstáit nó na mBallstát a cheadaíonn an díolúine (féach an t-eolas atá ar fáil faoi gach Ballstát ar an tairseach ghréasáin le haghaidh FBManna).




Nuair a rachaidh an tréimhse choraintín in éag, is féidir leis an duine inchánach nuashonrú ar an réamhfhógra (nó réamhfhógra nua, ag brath ar an gcás) a chur isteach chun an scéim FBM trasteorann a chur i bhfeidhm arís sa Bhallstát lena mbaineann má chomhlíonann sé na coinníollacha uile.

### 3.4.2.8. Cathain is féidir leis an mBallstát bunaíochta nó leis an mBallstát díolúine a mheas gur éirigh an duine inchánach as a ghníomhaíocht eacnamaíoch?

Más rud é, le 8 ráithe féilire i ndiaidh a chéile (ina thuairiscí ráithiúla), gur thuairiscigh duine inchánach nach ndearna sé aon soláthar i ngach Ballstát nó i gcuid de na Ballstáit ina raibh an scéim FBM trasteorann á cur i bhfeidhm aige, glacfaidh an Ballstát bunaíochta leis, ceal eolais dá mhalairt, gur éirigh an duine inchánach as a ghníomhaíocht eacnamaíoch sna Ballstáit sin.

Sa chás sin, déanfaidh an Ballstát bunaíochta uimhir ‘EX’ an duine inchánach a dhíghníomhachtú nó a chur in oiriúint, ag brath ar cibé acu a mheastar gur éirigh an duine inchánach as a ghníomhaíocht eacnamaíoch i ngach Ballstát nó i roinnt Ballstát agus iontu sin amháin.

# 4. Asbhaint CBL ar ionchur

Duine inchánach a chuireann an scéim FBM i bhfeidhm, cibé acu an scéim FBM intíre nó an scéim FBM trasteorann, díolmhóidh sé a sholáthairtí ó CBL ach ní bheidh sé in ann an CBL ar ionchur a asbhaint ar a cheannacháin earraí agus/nó seirbhísí a úsáidtear chun na soláthairtí sin a dhéanamh.


Le samplaí a dhéileálfar leis an roinn seo chun gurb éasca í a thuiscint.

## 4.1. Scéim FBM intíre

**Sampla 1**: Ní dhéanann duine inchánach a ghníomhaíocht eacnamaíoch ach ina Bhallstát bunaíochta amháin, agus cuireann sé an scéim FBM intíre i bhfeidhm sa Bhallstát sin.

Ceannaíonn an duine inchánach earraí agus seirbhísí ina Bhallstát bunaíochta ó sholáthróirí atá lonnaithe ina Bhallstát bunaíochta, i mBallstáit eile, agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas. Úsáidtear na hearraí agus na seirbhísí sin chun a sholáthairtí díolmhaithe ina Bhallstát bunaíochta a dhéanamh.

Faoin scéim FBM intíre, íocann an duine inchánach CBL ar a cheannacháin, ach ní féidir leis an CBL a asbhaint.



**Sampla 2:** Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, déanann sé dhá chineál gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Bhallstát sin:

- Gníomhaíocht A.
- Gníomhaíocht B, atá eisiata ó chur i bhfeidhm na scéime FBM.

Ní chuireann an duine inchánach an scéim FBM intíre i bhfeidhm ach maidir le gníomhaíocht A amháin, mar tá gníomhaíocht B eisiata ón scéim FBM intíre. Dá bhrí sin, ní mór don duine inchánach an córas caighdeánach CBL a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíocht B agus CBL a ghearradh ar a chustaiméirí le haghaidh soláthairtí a dhéantar faoin ngníomhaíocht sin.

Ceannaíonn an duine inchánach na hearraí agus na seirbhísí seo a leanas ó sholáthróirí atá lonnaithe ina Bhallstát bunaíochta, i mBallstáit eile, agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas:

- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun soláthairtí a dhéanamh faoi ghníomhaíocht A.
- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun soláthairtí a dhéanamh faoi ghníomhaíocht B.
- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun soláthairtí a dhéanamh le haghaidh an dá ghníomhaíocht (ríomhairí, trealamh oifige, leictreachas, srl., forchostais agus costais riaracháin).

Is féidir leis an duine inchánach CBL ar ionchur a asbhaint óna cheannacháin mar a leanas:

- Gan aon asbhaint CBL ar ionchur ar cheannacháin le haghaidh ghníomhaíocht A.
- Asbhaint iomlán CBL ar ionchur ar cheannacháin le haghaidh ghníomhaíocht B.
- Asbhaint pháirteach (*pro rata*) CBL ar ionchur ar cheannacháin choiteanna le haghaidh ghníomhaíocht A agus ghníomhaíocht B araon[27].


**Sampla 3:** Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, déanann sé soláthairtí ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát 2. Cuireann sé an scéim FBM intíre i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta, mar sin tá a sholáthairtí sa Bhallstát sin díolmhaithe ó CBL. Cuireann an duine inchánach an córas caighdeánach CBL i bhfeidhm i mBallstát 2 agus gearrann sé CBL ar a chustaiméir sa Bhallstát sin.

[27] Is féidir leis an duine inchánach teagmháil a dhéanamh le húdaráis chánach a Bhallstáit bunaíochta chun tuilleadh eolais a fháil ar chur i bhfeidhm na rialach *pro rata*.

Ceannaíonn an duine inchánach na hearraí agus na seirbhísí seo a leanas ina Bhallstát bunaíochta ó sholáthróirí atá lonnaithe ina Bhallstát bunaíochta, i mBallstáit eile, agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas:

- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun a sholáthairtí a dhéanamh ina Bhallstát bunaíochta.
- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun a sholáthairtí a dhéanamh i mBallstát 2.
- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun a sholáthairtí a dhéanamh sa dá Bhallstát (forchostais agus costais riaracháin).

Sa chás sin, ní féidir leis an duine inchánach an CBL ar ionchur ar aon cheann dá cheannacháin a asbhaint.





## 4.2. Scéim FBM trasteorann

**Sampla 4:** Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, déanann sé soláthairtí ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát 2. Cuireann sé an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm sa dá Bhallstát, mar sin tá a sholáthairtí díolmhaithe ó CBL.

Ceannaíonn an duine inchánach na hearraí agus na seirbhísí seo a leanas ina Bhallstát bunaíochta ó sholáthróirí atá lonnaithe ina Bhallstát bunaíochta, i mBallstáit eile, agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas:

- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun a sholáthairtí a dhéanamh ina Bhallstát bunaíochta.
- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun a sholáthairtí a dhéanamh i mBallstát 2.
- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun a sholáthairtí a dhéanamh sa dá Bhallstát (forchostais agus costais riaracháin).

Sa chás sin, ní féidir leis an duine inchánach an CBL ar ionchur a asbhaint ar aon cheann dá cheannacháin a úsáidtear chun soláthairtí díolmhaithe a dhéanamh ina Bhallstát bunaíochta nó i mBallstát 2.




**Sampla 5:** Duine inchánach atá bunaithe i mBallstát 1, déanann sé soláthairtí ina Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát 2. Cuireann sé an córas caighdeánach CBL i bhfeidhm ina Bhallstát bunaíochta agus gearrann sé CBL ar a chustaiméir sa Bhallstát sin. Cuireann an duine inchánach an scéim FBM trasteorann i bhfeidhm i mBallstát 2, mar sin tá a sholáthairtí sa Bhallstát sin díolmhaithe ó CBL.

Ceannaíonn an duine inchánach na hearraí agus na seirbhísí seo a leanas ina Bhallstát bunaíochta ó sholáthróirí atá lonnaithe ina Bhallstát bunaíochta, i mBallstáit eile, agus i dtíortha nach bhfuil san Aontas:

- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun a sholáthairtí a dhéanamh ina Bhallstát bunaíochta.
- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun a sholáthairtí a dhéanamh i mBallstát 2.
- Earraí agus seirbhísí a úsáidtear chun a sholáthairtí a dhéanamh sa dá Bhallstát (forchostais agus costais riaracháin).

Sa chás sin, is féidir leis an duine inchánach CBL ar ionchur a asbhaint óna cheannacháin mar a leanas:

- Asbhaint iomlán CBL ar ionchur ar cheannacháin a úsáidtear chun soláthairtí a ngearrtar cáin orthu a dhéanamh ina Bhallstát bunaíochta.
- Gan aon asbhaint CBL ar ionchur ar cheannacháin a úsáidtear chun soláthairtí díolmhaithe a dhéanamh i mBallstát 2.
- Asbhaint pháirteach (*pro rata*) CBL ar ionchur ar cheannacháin a úsáidtear chun soláthairtí a dhéanamh sa dá Bhallstát[28].

[28] Is féidir leis an duine inchánach teagmháil a dhéanamh le húdaráis chánach a Bhallstáit bunaíochta chun tuilleadh eolais a fháil ar chur i bhfeidhm na rialach *pro rata*.

KP-02-24-854-GA-N

Publications Office
of the European Union